# Mionlach

€3/£2
Uimhir 15

IRIS DE CHUID **MISNEACH** 2025




MISNEACH
ár dteanga - ár dtodhchaí

» Stair Streachailt Tithíochta na nGael
» Bóthar Seoighe agus athghabháil áitiúil teanga?
» Gaeil ar son Gaza: Dlúthpháirtíocht ósna Déise
» Rannta le Oisín Mac

*Agus go leor eile ...*




*Teagmháil:*
mionlach.abu@gmail.com
eolas@misneachabu.ie
*Suíomh idirlín:* misneachabu.ie
*Íomhá clúdaigh:* Ciaraíoch
*Dearadh:*
buíochas le Caomhán Ó Scolaí

3 **An Giúdachas gan an Síonóchas**
*Talia Nic Chonchárraige*

4 **Cuid de Stair Streachailt Tithíochta na nGael** *Kerron Ó Luain*

6 **Cad is cúis le dul i léig Shinn Féin?**
*Amhlaoibh Ó Síocháin Ó Beoláin*

7 **Gaeil ar son Gaza: Dlúthpháirtíocht ósna Déise** *Morgan de Móinbhíol*

8 **Múnla díchoilínithe Ghaeltacht Bhóthar Seoighe agus an athghabháil áitiúil teanga** *Róisín Nic Liam*

10 **Rannta**
*Oisín Mac*




12 **I mBolg an Bhleidhmhíl**
*Fearghal Mac Bhloscaidh*

14 **Rí na nDeontas**
*Seanán Mac Aoidh*

15 **Ní Dónal Óg ná GAAGo**
*Odrán de Bhaldraithe*

18 **Néaraéagsúlacht agus mionteangaí — an streachailt céanna?**
*Pádraig Mac Oscar*

19 **Blúiríní faoin Chealchultúr agus Éidreoir Nua-Liobrálach na hEite Clé**
*Clementine Morrigan*



# Eagarfhocal

Ar an drochuair, ó cuireadh an t-eagrán roimhe seo, Eagrán 14, de *Mhionlach* amach sa domhan mór, níl deireadh tagtha le cinedhíothú Iosrael sa Phalaistín. Tá an próiseas imithe i dtreis ó shin, faraor — agus é le feiceáil i mbos do láimhe. Tá caoinchead tugtha ag rialtas na Sé Chontae Fhichead d'armlóin dul trí Aerfort na Sionainne, déantar slad ar Phalaistínigh lá i ndiaidh lae ag baint úsáid as na harmlóin céanna. Anuas air sin, tá bac curtha ag Rialtas Bhaile Átha Cliath ar Bhille na gCríocha faoi Fhorghabháil, a d'fhéadfadh tús suntasach a chuir le leithlisiú geilleagrach ar Iosrael mar a déanadh ar Afraic Theas na Cinedheighilte.

Tá sé deacair, mar sin, aon mhisneach nó dóchas a mhúscailt agus muid ag breathnú ar an ár sa Phalaistín. Bíodh sin mar atá, tá splanc an dóchais le sonrú sna mórshiúlta, agóidí, léirsithe, troscaidh, ceolchoirmeacha, ceardlanna, cainteanna, foilseacháin agus gníomh dhíreacha a d'eagraigh muintir na hÉireann le breis is bliain anuas chun dlúthpháirtíocht a léiriú le muintir na Palaistíne.

Tá grúpaí áitiúla tagtha chun cinn ó gach cearn den tír, agus tá slógaí móra feicthe ar shráideanna na gcathracha agus na mbailte. Sa Ghaeltacht tá dreamanna ó Dhún Caoin, go Conamara, Tír Chonaill go Ráth Chairn, agus pobail eile nach iad, tar éis seasamh leis an bPalaistín. In alt leis san eagrán seo, déanann Oifigeach Misneach na Rinne, **Morgan de Móinbhíol**, cur síos ar Gaeil ar son Gaza, dream dlúthpháirtíochta lena bhfuil sé bainteach sna Déise. Baintear dóchas chomh maith as seasamh na nGiúdach sin nach Síónaigh iad, agus agus tugann Róisín Dubh léargas dúinn ar ghnéithe den chultúr frith-Shíónach sin.

I dtaobh pholaitíocht na hÉireann de le linn 2024, chreid go leor daoine — an t-aos óg, ach go háirithe — go mbeadh athrú éigin i ndán dóibh i dtaca le rialtas na Sé Chontae Fhichead. Ach, ní mar sin a bhí. Pléann **Amhlaoibh Ó Síocháin Ó Beoláin**, na cúiseanna, dár leis, nár éirigh le Sinn Féin teacht in inmhe an babhta seo. Mar a bhaineann sé le cúrsaí Gaeltachta agus Gaeilge, agus ceist na tithíochta ach go háirithe, cíorann **Kerron Ó Luain** cuid de stair streachailt thithíocht na nGael, féachaint an féidir ceachtanna a bhaint uaidh. Ar an ábhar céanna, pléann **Róisín Nic Liam** tithíocht Bóthair Seoigh trí lionsa an díchoilínithe.

Níl aon dabht ach go bhfuil ceist na tithíochta sa Ghaeltacht i mbéal an phobail agus fiú ar fhorógraí na bpáirtithe polaitiúla sna Sé Chontae Fhichead anois, a bhuíoch cuid mhór le Bánú, agus le Tinteán. Gan aon athrú suntasach ar an staid reatha pholaitiúil i dTeach Laighean i ndiaidh an olltoghcháin, tá súil againn go mbeidh an ghluaiseacht úr seo in ann dul i bhfeidhm ar an gcóras polaitiúil a príomhspriocanna a ghéilleadh, ach a bheith 'cruthaíoch' ar mhúnla Ghluaiseacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta. Is cosúil go mbeidh níos mó ná cruinnithe béasacha boird, litreacha agus achainí de dhíth chun dul i bhfeidhm ar na polaiteoirí agus státseirbhísigh choimeádacha a bheas i bhfeighil ó seo go ceann ceithre bliana eile.

In ailt atá gar dár gcroíthe go pearsanta, tugann **Pádraig Mac Oscar** léargas dúinn ar an uathachas agus an streachailt ar son cearta do dhaoine néara-éagsúla agus cíorann **Odrán de Bhaldraithe** na constaicí atá os comhar fhás na hiománaíochta in Éirinn. Ag scríobh óna thaithí féin mar staraí aitheanta, pléann **Fearghal Mac Bloscaidh** staireolaíocht na hÉireann agus an teannas idir léamh eimpíreach nó léamh Marxach a ghlacadh ar an stair. Ó thaobh na healaíona de, tá cartún le **Jim Ward**, ramás le **Seanán Mac Aoidh**, chomh maith le rannta **Oisín Mac**, an rapálaí, nó 'geabaire Gaelach', mar a bhaist Rónán Mac Aodha Bhuí air.

I dtreo deireadh na hirise tá blúiríní leis an bhfeimineach sóisialach as Ceanada, **Clementine Morrigan.**

Mar léiriú ar ár ndlúthpháirtíocht féin i *Misneach* le muintir na Palaistíne, feictear an bhean Phalaistíneach ar chlúdach na hirise, a bhuíoch leis an ealaíontóir **Ciaraíoch.** In áit íocaíocht a ghlacadh, mhol Ciaraíoch go dtabharfaimis deontas do Medical Aid for Palestine, rud a rinneamar.

Tá súil againn go mbeidh idir lón machnaimh agus sásamh le baint agaibh, a léitheoirí, as an méid atá istigh againn san eagrán seo daoibh.

*—Foireann Eagarthóireachta Mionlach*




*Cibé áit a bhfuil cónaí orainnn is é sin ár dtír dhúchais*

# An Giúdachas gan an Síonóchas

*le* **Róisín Dubh**

Agus mé dá scríobh seo, tá míonna fada imithe thart de shlad bhrúidiúil agus de chine-dhíothú mhuintir na Palaistíne ag an Eintiteas Síónach. Gach uair a shuím síos le scríobh, bíonn uafás nua éigin nochta ag an Eintiteas. Bíodh áir an phlúir i gceist nó na holluaigheannaí taobh amuigh d'otharlanna, níl deireadh leis an chruálacht. Tá na gníomhartha Síónacha seo dá ndéanamh ar mhaithe le "sábháilteacht an phobail Ghiúdaigh", ach ní cóir don "tsábháilteacht" s'againne a bheith ag brath ar shábháilteacht an dara dreama. Tá níos mó na 40,000 Palaistíneach dúnmharaithe ar mhaithe le mo "shábháilteacht", mar dh'ea. Fiú é seo a scríobh, tá mé ag streachailt leis sin, cad chuige a scríobhfainn a dhath? Cad chuige a bhfuil sé tábhachtach? Mar Ghiúdach frith-Shíónach a leanann coincheap an "doikayt" áfach, shíl mé gur cheart dom an méid atá i gceist leis sin a mhíniú go díreach, le léiriú nach ionann an Síónachas agus an Giúdachas ná an traidisiún ársa as a n-eascraíonn sé. Tabhair do d'aird go mbaineann an t-alt seo le Giúdaigh Aisceanásaíocha (Oirthear na hEorpa). Is iomaí sin cineál Giúdaigh sa diaspóra, ach is san Eoraip a tháinig an Síónachas ar an tsaol, agus is uirthi a bheas an bhéim agam mar sin dó.

Nuair a chuir Theodore Herzl an Síónachas chun tosaigh mar idé-eolaíocht go mall sa naoú céad déag, bhí Giúdaigh ann a bhí ina choinne ar ndóigh. Lean sé cosán a réitigh gluaiseachtaí faisisteacha a bhí ag teacht chun cinn i gcodannaí eile den Eoraip, agus bhí mórchuid de Ghiúdaigh lucht oibre na linne sin ina sóisialaigh nó ina gcumannaigh. Má amharcann tú ar bharúlacha Herzl i dtaca le Giúdaigh san am sin, tchífidh tú gur bheag nár chuir siad samhnas air, agus dar leis go raibh siad féin freagrach as an fhrith-Sheimíteachas a bhí rompu. In Oirthear na hEorpa, thuig Giúdaigh an lucht oibre nárbh amhlaidh an scéal, gurbh éigean daofa aghaidh a thabhairt ar an chur faoi chois fhoréigneach a bhí siad a fhuilstean, chomh maith le troid ina aghaidh.

Ba é Bund na nGiúdach an ghluaiseacht ba mhó i gcoinne an tSíónachais, agus ba Ghiúdaigh shóisialacha iad a chum coincheap an "doikayt". Is é an chiall atá leis gur baile dúinn é an áit a bhfuil muid, agus bíonn meas againn ar theanga, ar thalamh agus ar chultúr na háite sin. Mar shampla, mar Ghiúdach in Éirinn, tá mé ag foghlaim na Gaeilge, glacaim páirt i gcultúr na hÉireann, agus do na saoirí Giúdacha, tugaim isteach plandaí dúchais sna deasghnátha. Is é a mhalairt ghlan é sin ag coilíneachas lonnaitheoirí an tSíónachais, is léir. Nuair a cuireadh an tEintiteas ar bun in 1948, ba léir an ghráin a bhí ar gach rud nach raibh ag teacht le coincheap na Síónach den is "fhíor-Ghiúdach". Tugadh greadadh do lucht labhartha na Giúdaise, agus bhí eachtra amháin ann inar dhóigh siad amharclann Ghiúdaise a bhí san Eintiteas go talamh. Bhí an bharúil ann gurb í an Ghiúdais teanga na nGiúdach bocht. Fiú Herzl, chuaigh sé chomh fada le rá gur "teanga gheiteo" í, agus bhí brú ó rialtas an Eintitis daoine a chur ó úsáid na Giúdaise agus ó cheiliúradh an chultúir a bhaineann léi.

Le deich mbliana anuas, tá cóir ghaoithe i dtreo cheachtannaí an Bund, agus chun a athbheochana. Is cuma cé acu teacht chun cinn na Giúdaise atá i gceist, nó glacadh le ceol klezmer, tá cuid mhór Giúdach óg ag glacadh chucu féin theangacha agus chultúir Ghiúdacha a sinsear. Tá a fhios againne, Giúdaigh gur féidir linn mairstean áit ar bith, agus nach éigean dúinn tír dhúchais. Is bagairt amach is amach ar an tSíónachas é sin. Seo an fáth a bhfuil iarracht chomh mór sin ann lipéad an fhrith-Sheimíteachais a chur ar an fhrith-Shíónachas. Nuair a amharcann tú ar ghabháil na gcampas ollscoile ar feadh na Stát Aontaithe, tchí tú comhghuaillíocht láidir idir neacha léinn Giúdacha agus Palaistíneacha, agus tá iarracht mhór ann an lipéad "Giúdaigh bhréagacha" a chur ar na neacha léinn Giúdacha sin de bharr a dtacaíochta do shaoirse na bPalaistíneach. Fiú ceannaire an Anti-Defamation League, eagras a cuireadh ar bun le "deireadh a chur leis an fhrith-Sheimíteachas", dheimhnigh sé ar a chuntas Twitter/X go gcreideann sé nach "fíor-Ghiúdaigh" iad Giúdaigh fhrith-Shíónacha. Is é sin a chreideann bunús na nIosraelach, agus is uathu sin a thagann an frith-Sheimíteachas a fhulaingíonn Giúdaigh fhrith-Shíónacha. Tá liostaí ar nós Canary Mission curtha i dtoll a chéile acu le súil a choinneáil ar Phalaistínigh agus ar Ghiúdaigh fhrith-Shíónacha a labhrann amach i gcoinne an Eintitis. Baintear úsáid as sin mar dhubhliosta le daoine a choinneáil ó jabannaí agus le díbeartaigh shóisialta a dhéanamh daofa ina bpobail féin.

Tá athrú gaoithe ann, áfach. De bharr an oideachais agus an eagrúcháin leanúnaigh atá ar bun ag Palaistínigh agus ag Giúdaigh fhrith-Shíónacha, tá cuid mhór Giúdach i ndiaidh briseadh saor ón tógáil a fuair siad, agus iad imithe chun na sráideannaí ina mílte le cur in éadan an chinedhíothaithe atá ag leanstan leis. Tá siad ag glacadh chucu féin Giúdachas saor ó Shíónachas. Tá siad ag athghabháil an Ghiúdachais a dtug an Síónachas iarraidh ar a scrios agus ar a mhúnlú ina leagan samhnasach dó féin le bheith ag teacht lena riachtanais fhaisisteacha. Tá na Giúdaigh fhrith-Shíónacha seo ag díriú ar chineál Giúdachais atá diaspórach i ndáiríre agus a aibhsíonn an díchoilíniú agus an talamh ar a maireann siad.

# Cuid de Stair Streachailt Tithíochta na nGael

**Kerron Ó Luain**

Tá borradh tagtha ar an bhfeachtasaíocht ar son ceartas tithíochta do lucht labhartha na Gaeilge le déanaí. Is tráthúil, más ea, súil siar a chaitheamh ar chuid den stair a bhaineann leis an streachailt chéanna. Ar dtús, ba mhaith liom comhthéacs na staireolaíochta a phlé go sciobthaí.

A bhuí le leithéidí Aindrias Uí Chathasaigh, Fhearghail Mhic Bhloscaidh, Phádraig Uí Shnodaigh, Chormaic Uí Chomhraí, Shíobhra Aiken, Phádraig Óig Uí Ruairc, agus staraithe eile nach iad, tá neart eolais le fáil ag Gaeil, bíodh sin i bhfoirm leabhar nó clár faisnéise, ina dteanga dhúchais féin, ar an tréimhse réabhlóideach, 1913–1923. Cíorann cuid de na staraithe céanna ceist na Gaeilge sa tréimhse sin, nó baineann siad úsáid as 'lionsa na Gaeilge' chun radharc úr a thabhairt ar an tréimhse chinniúnach atá i gceist.

Ar bhealaí go leor, d'eascair an tréimhse réabhlóideach sin as an athbheochan a tharla ó c.1893 ar aghaidh le bunú Chonradh na Gaeilge. D'fhéadfaimis Athbheochan 1.0 a ghlaoch ar an tréimhse úd. Is scéal casta go leor é meath na Gaeilge i ndiaidh 1922. Go híorónta, bunaíodh an Saorstát agus — cé gur cuireadh cuid de mhianta lucht Athbheochan 1.0 i bhfeidhm — lean meath na Gaeilge ar aghaidh sa phobal. Anuas air sin, ainneoin borradh beag sa chóras stáit agus oideachais idir na 1920idí agus na 1940idí, chuaigh cúrsaí in olcas go mór ó na 1960idí ar aghaidh. B'éigean do lucht na Gaeilge agus na Gaeltachta feidhmiú ón mbonn aníos agus an tarna hathbheochan, Athbheochan 2.0, a chur ar bun.

Tá bearnaí ann i dtuiscint lucht labhartha na Gaeilge ar scéal Athbheochan 2.0 go fóill. Mar a dúirt duine amháin sinsearach i ngluaiseacht na Gaelscolaíochta liom le déanaí, 'ní thuigeann múinteoirí na gaelscoile gur deineadh troid chun na scoileanna a bhunú. Ceapann siad gurbh ann don earnáil i gcónaí'. Léiríonn sin easpa tuisceana ar an stair i measc sciar de phobal na Gaeilge atá chomh tábhachtach agus lárnach sin i gcur chun cinn na teanga. I mo thuairim féin, tá sé thar am cúrsaí staire a lárnú i measc ghluaiseacht na Gaelscolaíochta le hais na gcúrsaí oideolaíochta agus forbartha gairme a bhíonn ar siúil.

Ach, fillimis ar Athbheochan 2.0. Céard atá i gceist agam leis seo, go baileach? In achar gearr, c.1969–73, leagadh síos dúshraith chinniúnach a bhí le 'scéal na Gaeilge' a mhúnlú go ceann leathchéad bliain eile. Ba é 1969 an bhliain chinniúnach san athbheochan seo, tráth ar bunaíodh Gaeltacht Uirbeach Bhóthair Sheoigh i mBéal Feirste agus Scoil Neasáin i mBaile Átha Cliath, an chéad ghaelscoil a bunaíodh ón mbonn aníos ó dheas. Tháinig borradh faoin ngaelscolaíocht ó thuaidh agus ó dheas ina dhiaidh sin, agus i mBéal Feirste, cuireadh fréamhacha Gaelacha tábhachtach sa phobal.

Thart faoin am céanna, bhain Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta go leor amach — bunaíodh RnaG agus tugadh gealltanas go mbunófaí Údarás na Gaeltachta. Cosnaíodh cearta oideachais agus Gaeilge mhuintir na Gaeltachta nuair a troideadh ar son Scoil Dhún Chaoin a choimeád ar oscailt agus iarbhunscoil a bhunú i nGaeltacht Thír Chonaill.

Thug na forbairtí seo an deis do 'ghluaiseacht na Gaeilge' brú ar aghaidh sna hochtóidí agus sna nóchaidí agus bua mór TnaG a bhaint.

Snáithe amháin a ritheann tríd na gluaiseachtaí uilig sin agus Athbheochan 2.0 ná an toil a bhí ann leas a bhaint as an ngníomh díreach agus an easumhlaíocht shibhialta. Áirítear anseo:

- **Bunú an stáisiún bhradaigh Saor Raidió Chonamara as ar eascair RnaG.**
- **Forghabháil lucht Scoil Dhún Chaoin ar an Roinn Oideachais.**
- **Forghabháil Ghluaiseacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta ar Roinn na Gaeltachta.**
- **Mórshiúlta trastíre Ghluaiseacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta.**
- **Imshuí phobal na Rosann ar an mbóthar chun bus a bhí ag tabhairt daltaí Gaeltachta go scoil Bhéarla a chosc.**
- **Bunú gaelscoileanna ar nós Scoil an tSeachtar Laoch i mBaile Munna agus Pobalscoil Feirste ar bhonn neamhspleách agus iad in adharca leis na húdaráis. Thugadh mná tí Bhaile Munna, mar shampla, cuairt rialta ar oifigí na Roinne Oideachais chun litreacha a thabhairt isteach de lámh, iarraidh ar an Aire casadh leo, agus brú a chur air an scoil a cheadú.**

Mar a mhínigh duine de bhunaitheoirí Scoil an tSeachtar Laoch dom, Colm Ó Torna, agus mé á chur faoi agallamh cúpla bliain ó shin, mar a bhain sé leis an tréimhse sin, "bhí rud éigin san aer ó thaobh na Gaeilge de, níl aon dabht faoi".

Le linn Ré an Tíogair Cheiltigh, bhí flúirse ann i dtaobh an chaiteachais ar an nGaeilge sna Sé Chontae is Fiche, cé nár deineadh na bearta radacacha geilleagracha agus daonlathacha a bhí (agus atá) de dhíth chun pobal labhartha na Gaeilge sa Ghaeltacht a athréimniú. Ach tháinig deireadh leis sin ón tréimhse 2008 ar aghaidh a bhuí le polasaithe nualiobrálacha an stáit. Tá an t-ábhar seo cíortha go mion ag mo chomrádaí agus ball de chuid Misneach, Ben Ó Ceallaigh. Tháinig Misneach ar an bhfód sna bailte an tráth seo le dúshlán a thabhairt do "Bhord Snip Nua" an eacnamaí Colm McCarthy. Sa Ghaeltacht, fáisceadh Guth na Gaeltachta as an gcomhthéacs céanna, ach chuir an stát deireadh leis an eagraíocht sin nuair a bagraíodh go mbrisfí duine de phríomhghníomhaithe na heagraíochta as a phost stáit.

Ar feadh a mbaineann le gníomh, chuaigh muintir Ráth Chairn i mbun an ghnímh dhírigh chun a gcearta talún agus tithíochta a bhaint amach. Mar a tuairiscíodh ar Inniu in 1971, bhí cruinniú agóide i Ráth Chairn i samhradh na bliana sin. Phós Pádraic Mac Donncha agus a bhean, Mairéad Nic Gearailt, an bhliain chéanna, agus, "ní raibh aon teach cónaithe acu". Bhí sé lánúin sa cheantar sa bhád céanna. Mar a insíonn Pádraic ina chuid focal féin ina leabhar *An Dá Shaol: ag Cur Rútaí i Ráth Chairn*:

> Bhí neart plé agus cur is cúiteamh ann. Moladh seo agus moladh siúd. Ar deireadh moladh go ndéanfaí 'suí isteach' i dteach mhuintir Uí Fhaircheallaigh. Dhéanfaí 'suí isteach' i agus ní chorrófaí as go dtiocfaí ar réiteach sásúil le Coimisiún na Talún.

Feirm 35 acra, ar le Coimisiúin na Talún í, a bhí i bhfeirm Uí Fhaircheallaigh. Bhí ganntanas talún do mhuintir Chonamara ag dul siar go dtí na tríochaidí nuair a bhog siad ann an chéad uair. Faoi na 1970idí, bhí siad fós gan iarbhunscoil, halla, siopaí, ionad sóisialta do dhaoine óga, agus bhí siad gan séarachas ná uisce reatha sna tithe fiú. Theastaigh 10 n-acra uathu d'eastát tionsclaíochta chomh maith.

Ag an am, dúirt Pádraic go raibh "deireadh le foighid na mblianta buailte linn anois" agus go raibh an imirce á bhrú orainn — táimid ár mbrú amach as ár gceantar dúchais. Cá bhfuil na tithe? Gan tithe, gan slí beatha — cá mbeidh an Ghaeltacht seo?" D'éiligh sé go mbeadh "roinnt áirithe talún d'fheirmeacha do na daoine óga sa Ghaeltacht seo, agus teastaíonn scéim tithíochta uainn — ar cíos nó le ceannach". Tuairiscíodh ar *Inniu*:

> "… tháinig muintir na háite fré chéile chun cuidiú leis an teach a chóiriú do Phádraic agus a bhean. Tá fear le haithin ar mhuintir Ghaeltacht Ráth Cairn agus táthar ag caint ar thuilleadh agóidí a chur ar bun chun a gcás a chur os comhair an phobail".

Le scéal fada a dhéanamh gearr — agus is




féidir na sonraí a léamh i leabhar Phádraic — d'éirigh le lucht an fheachtais a spriocanna a bhaint amach. Chuaigh siad i muinín na heasumhlaíochta sibhialta agus bhí rath ar a gcuid iarrachtaí dá bharr. Is í an chluas bhodhar a bhí á fáil acu roimh sin.

Ar ábhar gaolta, agus ábhar atá tráthúil go maith, thart faoin am céanna, bhí an tithíocht uirbeach Gaeilge, nó "lonnaíochtaí lán-Ghaeilge", á phlé. Luaigh Ó Cadhain é sula bhfuair sé bás dár ndóigh. Ach chuir an Dr Pádraig Ó Riagáin feoil ar chnámha an smaoinimh sin, ar go leor bealaí.

Agus é ag obair don Fhoras Forbartha, institiúid stáit a raibh cúram pleanála air, bhí lámh aige i scríobh Staidéir na Gaeltachta, Imleabhar I: Straitéis Fhorbraíochta don Ghaeltacht (Dún na nGall, Maigh Eo, Ciarraí, Corcaigh agus an Mhí), a foilsíodh in 1971.

Chun leigheas a fháil ar chuid d'fhadhbanna na gceantar sin, scríobh Ó Riagáin gur chóir "pobal 'uirbeach' a bhunú in iarthuaisceart Dhún na nGall a mbeadh daonra 13,000-20,000 Gaeilgeoir ann". I leith na gceantar Gaeltachta uilig, cé is moite de Chonamara, mhaígh sé "níor mhór 700 post, lasmuigh den talmhaíocht, a chur ar fáil gach bliain as seo go ceann fiche bliain. Ba ghá 550 teach sa bhliain, nó 11,000 ar fad, a thógáil le freastal ar an bpobal seo". Measadh go gcosnódh sé seo £130 milliúin thar 20 bliain. Moladh, chomh maith, gur chóir na limistéir Ghaeltachta a leasú.

Ar bhonn na teangeolaíochta, thuig sé "go gcaithfidh an Ghaeilge a bheith á labhairt ag pobal baile mhóir má tá sí le fónamh do riachtanais na linne seo, agus aithnítear go bhfuil meathlú ag teacht ar réim na teanga a labhraítear sa Ghaeltacht." Anuas air sin, "go mbeidh téagar sóisialach agus eacnamaíoch níos leitheadaí agus níos saibhre ag teastáil. Níor mhór chuige sin saol an bhaile mhóir a thabhairt i dtreis sa Ghaeltacht".

Dár ndóigh, cúis náire don Stát é go raibh Pádraic Mac Donncha ag streachailt ar son cearta tithíochta Gaeltachta agus go bhfuil na cearta céanna fós ina gcnámh spairne. Agus, sa mhullach air sin, nach cúis náire é chomh maith gur mhol sochtheangeolaí a bhí ag obair le heagraíocht stáit baile Gaeltachta breis is leathchéad bliain ó shin agus nach bhfuil an stát in ann fiú eastát suarach a thógáil do lucht labhartha na Gaeilge sa Ghaeltacht?

B'fhiú ceachtanna a fhoghlaim ó leithéidí streachailt mhuintir Ráth Chairn sna 1970idí agus na gníomhaithe ann a bhí sásta dul i muinín an ghnímh dhírigh.

▸ Poblachtánach agus staraí as Ráth Cúil é Kerron Ó Luain





# Cad is cúis le dul i léig Shinn Féin?

**Amhlaoibh Ó Síocháin Ó Beoláin**

Ó tharla gur dhein Sinn Féin chomh dona sna todhcháin áitiúla agus Eorpacha, tá ana-chaitheamh anuas orthu. Deir lucht anailíse gurb í easpa seasaimh Shinn Féin ó thaobh imirce dhe atá taobh thiar den ndrochthoradh a bhaineadar amach sna todhcháin, ach an fíor é seo i ndáiríre?

Caithfear an cheist a chuir: cén éifeacht atá ag dearcadh Shinn Féin i leith na n-imirceach ar an dtacaíocht atá ann don bpáirtí i measc an phobail? I mí na Bealtaine 2023, tháinig pobalbhreith de chuid Red C amach a dúirt gur cheap 75% de mhuintir na hÉireann go raibh an iomad imirceach á ligin isteach ag an rialtas. Anuas air seo, d'aontaigh 88% de lucht tacaíochta Shinn Féin leis an ráiteas seo. É sin ráite, níor tháinig aon athrú mór ar thacaíocht Shinn Féin le linn na tréimhse sin — 31%, 35% agus 34% (in ord croineolaíoch) a bhaineadar amach sna pobalbhreitheanna an mhí sin. Is léir, mar sin, nár tháinig athrú suntasach ar leibhéal tacaíochta an pháirtí cé go raibh dearcadh frith-imirceach i measc cuid mhaith den bpobal.

Roinnt míonna roimhe seo bhí athrú beag ag an tacaíocht atá ag Sinn Féin — thit sé ó 36% ag tús mhí Dheireadh Fómhair 2022 go 33% faoi dheireadh mhí na Samhna. Sa tréimhse chéanna, tháinig ardú ar uimhreacha Fhine Gael (21% go 23%) agus bhí tonn bheag tacaíochta ann d'Fhianna Fáil (18%, 19%, 18%).

Sampla ana-shoiléir is ea é seo don mborradh tacaíochta a thagann fé pháirtithe rialtais timpeall am an bhuiséid. Ag an am seo a thosaigh léirsithe na heite deise i gcoinne na n-imirceach, agus mar sin, tá sé intuigthe go gceapfadh roinnt iriseoirí gurbh iad na léirsithe ba chúis leis an laghdú a tháinig ar uimhreacha Shinn Féin sna pobalbhreitheanna.

D'fhan meántacaíocht Shinn Féin idir 32% agus 33% i mí na Samhna 2022 agus mí Dheireadh Fómhair 2023, cé gurbh é sin an tréimhse ba mhó ina raibh lucht léirsithe frith-imirceach ag gníomhú. Tháinig an dara laghdú suntasach i dtacaíocht Shinn Féin idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna 2023, nuair a thit a meántacaíocht ó 33% go 29%. An uair seo, níor tháinig aon ardú ar an dtacaíocht a bhí ag páirtithe an rialtais. Ina ionad sin, tháinig borradh mór fés na neamhspleáigh. Ach cad ina thaobh go mbeadh vótaí á ngoid ag neamhspleáigh ó Shinn Féin?

Níl aon beirt neamhspleách mar a chéile agus tá réimse mór tuairimí acu, cé gur minic a dheineann lucht pobalbhreith-eanna bloc polaitiúil amháin astu. Don gcuid is mó, is iad na fealsúnachtaí polaitiúla is comónta i measc na neamhspleách ná coimeádachas sóisialta, liobrálachas eacnamaíoch agus polaitíocht frithGhlasach a dhíríonn ar cheantair iargúlta. Ní bhíonn aon fhealsúnacht pholaitiúil forbartha ag mórán acu, agus muna mbíonn, glacann siad ról an chomhairleora áitiúil sa Dáil, ag lorg áiseanna níos fearr dá gceantar féin.

Straitéis PR Shinn Féin is cúis leis an gcailliúint vótaí. Tabhair sracfhéachaint ar a suíomh idirlín, nó ar na meáin shóisialta ar a mbíonn siad. Beidh ráitis dhiúltacha fén rialtas ag teacht i do threo go tiubh tapaidh, ach an luann siad aon réiteach a fhéadfaí a fháil ar na fadhbanna doimhne atá cruthaithe ag Fine Gael i sochaí na hÉireann? Ní luann.

Ní hé ná fuil réiteach aimsithe ag Sinn Féin, ach go gceapann siad go bhfuil níos mó vótaí le fáil as a bheith ag caitheamh anuas ar an rialtas ná mar atá as polasaithe maithe dá gcuid féin a chur chun cinn. Is iomaí duine fíor-éirimiúil atá sa pháirtí, mar shampla leithéidí Michelle O'Neill, Piaras Ó Dochartaigh agus Eoin Ó Broin, ach dheineadar rogha coinsiasach polaitiúil gan díriú ar a bpolasaithe féin, agus ina ionad sin, go ndíreoidís ar easpa ábaltachta an rialtais.

D'oibrigh an straitéis seo ar feadh tamaill. Ní féidir a shéanadh go raibh clisteacht áirithe ag baint léi. Bhain sí úsáid mhaith as an bhfearg fhorleathan a bhí ann i gcoinne rialtais a raibh easpa dhamanta cumais ag baint leo, ná féadfadh puinn a dhéanamh chun saol an ghnáthdhuine a fheabhsú, ná raibh suim acu in aon rud ach tuilleadh airgid a chur isteach i bpócaí lucht rachmais. Go deimhin, bhí tonn mhór tacaíochta taobh thiar de Shinn Féin. Ach ní vóta do Shinn Féin a bhí á chaitheamh ag na daoine sin ach vóta i gcoinne an rialtais. Dob'í an fhadhb bhunúsach leis an straitéis seo ná, tar éis tamaill, go dtiocfadh gluaiseacht pholaitiúil frithrialtais nua ar an bhfód tar éis tamaill a ghoidfeadh cuid mhaith de vótaí Shinn Féin. Sin go díreach a tharla.

Mar gheall air an nganntanas seirbhísí atá mar thoradh ar rialtas nualiobrálach caipitleach, tá sé éasca do ghrúpaí polaitiúla atá i bhfad ar dheis an milleán a

chur ar imircigh. Tá cuid mhaith polaiteoirí a bhaineann leas as seo chun dul chun cinn polaitiúil a dhéanamh. Tóg mar shampla an Comhairleoir William O'Leary i mo cheantar féin a d'fhág Fianna Fáil mar gheall ar an seasamh a thóg se i gcoinne na n-imirceach agus a fuair an líon is mó vótaí sa toghchán áitiúil. Ní raibh bíog as mar gheall ar imircigh go dtí gur thosaigh an grúpa faisisteach Ireland First ag léirsiú go háitiúil, ach sheas sé le léirsitheoirí a chuir puball suas lasmuigh do lóistín na n-imirceach agus a d'fhan ann ar feadh 125 lá. Sampla is ea é seo den tslí a mbaineann polaiteoirí coimeádacha buntáiste as an bhfearg chiníoch a chruthaíonn léirsitheoirí frith-imirceach.

Ní hiad na himircigh an fhadhb in aon chor ach an easpa seirbhísí agus an ganntanas tithíochta a bhí cheana féin ann mar gheall ar bhlianta fada de mhí-úsáid airgid agus de dhroch-chaiteachas an rialtais chaipitligh. É sin ráite, tá mórán polaiteoirí ar fud na tíre ag baint buntáiste as an bhfearg mhíréasúnta seo atá á díriú i leith na n-imirceach. Is mar gheall air seo a chímid méadú sa líon vótaí atá á fháil ag na neamhspleáigh. Ní bhíonn aon ghá do neamhspleáigh cloí le haon seasamh ar leith de chuid an pháirtí, agus ar an mórgóir, déanfaidh siad aon rud chun iad féin agus/nó a gceantar féin a chur chun cinn.

Míniú eile ar an gcailliúint vótaí ó Shinn Féin go dtí na neamhspleáigh seo ná go bhfuil daoine éirithe tuirseach den bpolaitíocht dhiúltach a bhaineann le Sinn Féin, agus a bhaineann le polaitíocht na hÉireann ar an iomláine. B'fhéidir go bhfuil daoine ag éirí ceanúil ar an easpa polaitíochta agus idé-eolaíochta a bhaineann le neamhspleáigh.

D'fhéadfadh Sinn Féin a bheith tar éis branda nua polaitíochta a chruthú. Branda dearfach a thabharfadh misneach dúinn ar fad. D'fhéadfaidís a bheith tar éis an rud cliste a dhéanamh agus a bheith tar éis comhaontas a chruthú le páirtithe eile ar an eite chlé. Ach níor dhein. Bhíodar gearr-radharcach go leor a cheapadh go mba leor caitheamh anuas a dhéanamh ar an rialtas chun vótaí a bhuachtaint, agus gurb iad féin amháin a bheadh sa chéad rialtas eile.

Níl ach réiteach amháin ar an bhfadhb seo do Shinn Féin agus do pháirtithe eile na heite clé. Caithfear comhaontas polaitiúil de chuid na heite clé a bhunú, múnlaithe timpeall ar an Nouveau Front Populaire sa bhFrainc. Caithfear polaitíocht dhearfach a chur chun cinn, ina gcuirfidh polaiteoirí féidearthachtaí nua agus réitigh ar fhadhbanna an chaipitleachais ar fáil don bpobal. Agus cúig bliana eile de chomhrialtas FF/FG romhainn, tá thiar orainn mar thír agus mar shochaí. Ach má chuirimid le chéile agus má dheinimid iarracht todhchaí shóisialach a chruthú, beidh linn. Níl ach rud amháin le déanamh. Caithfimid an misneach a choimeád.

▸ Rugadh agus tógadh Amhlaoibh Ó Síocháin Ó Beoláin i Mainistir Fhear Maí. Cainteoir dúchais Gaelainne, cumannach agus ceoltóir is ea é. Tá suim ar leith aige sa bhfealsúnacht pholaitiúil agus sa mhatamaitic. Tá a chuid scríbhneoireachta go mór fé anáil leithéidí James Connolly, Rosa Luxemburg agus Karl Marx.

# Gaeil ar son Gaza: Dlúthpháirtíocht ósna Déise

**Morgan de Móinbhíol**

Tar éis ós cionn €7,500 a bhailiú i gcomhair na carthanachta Palaistíní *Medical Aid for Palestinians* i mí na Samhna 2023 trí cheolchoirm a chur ar siúil i Halla Pobail na Rinne, bheartaigh an grúpa Gaeil ar son Gaza ó Ghaeltacht na nDéise aghaidh a thabhairt ar fheachtas nua a bhunú.

Is léir go raibh daoine timpeall Ghaeltacht na nDéise agus contae Phort Láirge ag iarraidh seasamh i ndlúthpháirtíocht le muintir na Palaistíne agus iad ag dul trí shlad dian leanúnach ón stát Iosraelach, ach ní raibh cosmhuintir na nDéise ina n-aonar, bhí formhór na hÉireann ag brath mar an gcéanna.

Mar sin, chas an grúpa an fód dearg ar an bhfeachtas náisiúnta Solas do Pháistí Gaza chun an spéir a lasadh suas Oíche Bealtaine 2024 le coinneal do gach páiste Palaistíneach atá maraithe ag Iosrael.

Tríd an Earrach ar fad, bhí Gaeil ar son Gaza fíorghnóthach ag iarraidh an scéal agus an próiseas simplí a scaipeadh: oíche an 1ú Bealtaine, tagaigí le chéile in bhur n-imearlanna/clóis súgartha áitiúla agus lasaigí coinnle ar son gach aon pháiste a mharaigh an Iosrael, agus tugaigí síntiús beag €5 nó níos mó don charthanacht Phalaistíneach *Palestinian Children's Relief Fund*.

Agus póstaeir curtha in airde timpeall na Gaeltachta agus i nDún Garbháin, bileoga tugtha amach, airgead bailithe ar líne, an scéal á scaipeadh ar sna meáin, ar na meán shóisialta, bhí an feachtas ag teacht le chéile cloch le carn.

Timpeall na Gaeltachta bige Muimhní seo, bhí bratacha Palaistíneacha le feiscint i ngairdíní agus iad ar eitilt os cionn na mbunscoileanna chomh maith. Pobail na Rinne agus an tSean-Phobail ag seasamh le chéile i ndlúthpháirtíocht leis an bPalaistín fad is atá muintir na tíre sin ag dul trí chruatain chruálacha.

I rith an fheachtais seo, fuair Gaeil ar son Gaza tacaíocht ó cheolteoirí, polaiteoirí neamhspleácha cosúil le John Spillane, Kneecap, Damien Dempsey, an Seanadóir Frances Black, Mary Coughlan, The Wolfe Tones, iar-stailceoir frith-apartheid Dunnes Stores Mary Manning agus beirt fheisirí de




chuid Pharlaimint na hEorpa, Mick Wallace agus Clare Daly.

Le titim na hoíche ar an lá féin, Lá Bealtaine, bhí teacht le chéile le slua mór i gcroílár Ghaeltacht na nDéise san imearlann/clós súgartha.

Agus an dorchadas ag titim, bhí píosa cainte ón ngrúpa leis an slua, sheinn na páistí agus na déagóirí áitiúla port nó dhó, agus ansan, nuair a bhí sé dubh dorcha lasadh na coinnle le nóiméad ciúnais in ómós do na páistí Palaistíneach a maraíodh sa gcinedhíothú in Gaza.

Ach ní hamháin i nGaeltacht na nDéise a bhí na coinnle á lasadh, bhí an feachtas tar éis scaipeadh go dtí roinnt ceantar Ghaeltachta eile agus thar theora amach as an nGaeltacht agus as an tír, bhí daoine trasna na dtonnta ag lasadh coinneal, agus tháinig físeáin den solas geal le chéile timpeall na cruinne. Bhí ós cionn 60 grúpa a tháinig le chéile ar an oíche, agus go leor daoine a las coinnle sa mbaile leo féin.

Nuair a bhí an bailiúchán go léir comhairthe ag Gaeil ar son Gaza, bhí €33,450 bailithe, méid mór airgid le tabhairt don charthanacht Phalaistíneach.

Leanaigí Gaeil ar son Gaza ar na meáin shóisialta más é bhúr dtoil é!

▸ Is ball de Mhisneach é Morgan de Móinbhíol. As Gaeltacht na nDéise é ó dhúchas agus is ann atá cónaí air. Déanann sé ceol réabhlóideach leictreonach faoin ainm "Dearg".




# Múnla díchoilínithe Ghaeltacht Bhóthar Seoighe agus an athghabháil áitiúil teanga

**Róisín Nic Liam**

I gCumann Chluain Árd in Iarthar Bhéal Feirste a casadh glúin Bhóthar Seoighe ar a chéile an chéad lá, eagras cosmhuintire teanga a bhfuil stair radacach ag baint leis. D'áitigh Aodhán Mac Póilin, cuirim i gcás, gur fé anáil an tsóisialachais, an phoblachtánachais agus fealsúnachtaí den eite chlé trí chéile a bhí an Cumann go dtí go luath sna 1950idí. Thabharfadh cuairt an Chadhnaigh féin ar an gCumann in 1964 le fios gur i bhfad ina dhiaidh sin a mhair cuisle réabhlóideach an ghrúpa, áfach. Go deimhin, mhaígh Séamus Mac Seáin—duine de bhunaitheoirí Ghaeltacht Bhóthar Seoighe—go raibh mórghrúpaí Gaeilge eile lena linn róbhog agus róbhuirgéiseach i gcomparáid le Cumann Chluain Árd, agus gur gluaiseacht ailtéarnach teanga a bhí ann dá bharr (Mac Ionnrachtaigh 2008: 140).

Tearmann ab ea an Cumann do Ghaeil óga radacacha an uair sin más ea, Gaeil a d'fhás aníos i stáitín Oráisteach an Tuaiscirt mar ar luigh cos an leithcheala, na héagóra agus an fhoréigin go trom ar an bpobal Caitliceach. Aithnítear inniu gur féidir gur chothaigh éagóir sheicteach mar í sprid fhéinchabhrach agus fiontraíocht phobail i measc na cosmhuintire, áfach. Is as an sprid chéanna a d'eascair mórmhana Chumann Chluain Árd an uair sin—"Ná habair é, déan é"—cuirim i gcás, fealsúnacht a spreagfadh glúin Bhóthar Seoighe sna 1960idí Gaeltacht uirbeach dá gcuid féin a thógáil i nGalltacht Bhéal Feirste beag beann ar chabhair an stáit. Ina hionad sin, bheartaigh cúig theaghlach óga tabhairt fén gcúram iad féin.


Ceannaíodh paiste talún dhá acra go leith ar Bhóthar Seoighe le hiasachtaí airgid sarar thug an pobal féin fé na tithe a thógáil agus a cheardaíocht á cur i bhfearas acu. Iadsan a dhein mórchuid na hoibre fisiciúla, ach ba mhór an chabhair saineolas Sheáin Mhic Goill agus Shéamuis de Napier freisin, beirt Ghael eile den mhórphobal a chuir comhairle ailtireachta agus dlí ar bhunaitheoirí na Gaeltachta ag tús an phróisis. I mbliain fhuilteach 1969 agus cogadh ag réabadh an Tuaiscirt is ea a cuireadh an tionscnamh i gcrích, 9 mbliana tar éis do lucht a thógála tús a chur leis an bhfiontar. Agus arm gallda na Breataine ag siúl na cathrach go mustrach leo, sheas na tithe go maorga mar a bheadh lóchrann dóchais ann agus iad ina scáthán ar dhúthracht, ar dhíograis agus ar theacht aniar an phobail.

Díol suntais is ea é go n-áitíonn Gabrielle Maguire "[that] within this urban matrix, Irish is not perceived by Irish speakers and learners as a cause or issue, rather, it is simply thought of as 'our own language'" (1991: 245). Faillí a bheadh ann gan an ghné pholaitiúil a bhain leis an tionscnamh a aithint, áfach, go háirithe i gcomhthéacs stáitín seicteach a linne. I litir a foilsíodh ag fógairt scéim Bhóthar

Seoighe, cuirim i gcás, dúradh: "Gan pobal den sórt seo, ní féidir linn ár gceart mar shaoránaigh a éileamh, ná ní thig le Bardas, Comhairle Contae ná rialtas, riar do dhream atá scaipthe fríd dhaoine eile nach bhfuil an t-éileamh céanna acu" (Forbairt Feirste 2006), ráiteas atá an-mhór fé anáil dhioscúrsaí ghluaiseacht idirnáisiúnta ceart sibhialta a linne. Go deimhin, Séamus Mac Seáin féin a dúirt: "Bíodh is go raibh muid bainte le hathbheochan na Gaeilge go príomha, bhí muid ag treabhadh ghort an cheartais agus muid go fóill ag treabhadh tionscnamh neamhspleáchais i gcoitinne" (Mac Ionnrachtaigh 2008: 140). Is follas, mar sin, gur snáth tábhachtach i scéal Bhóthar Seoighe í gné pholaitiúil an togra, ach snáth is ea é a ligeadh i ndearúd i mórchuid an tsaothair acadúil a foilsíodh go dtí seo ar an ábhar.

Eisceacht is ea taighde Mhic Ionnrachtaigh, áfach, a chuir síos ar thionscnamh Bhóthar Seoighe mar "a successful example of localised cultural reconquest and radical decolonization in practice" (2008: 141). Go deimhin, tá an chaint thuas ó Mhac Seáin ag áiteamh gur ar "ag treabhadh gort an cheartais" a bhíodar ina scáthán ar smaointeoireacht Memmi, a áiríonn a leithéid de chúram le tús phróiseas an díchoilínithe: "In order to free himself from colonization, the colonized must start with his oppression, the deficiencies of his group" (2021: 195-6). Bhí torthaí an treafa úd le feiscint nuair a cuireadh an togra Gaeltachta ar bun gan cabhair ar bith ón stát d'fhonn athghabháil a dhéanamh ar "all the dimensions which colonization took away from [them]" (Memmi 2021: 164). Cruthaíodh útóipe bheag Ghaelach ón mbun aníos i gcathair a aithníodh mar chroílár an chórais choilínigh, agus tugadh an t-eiteach ar fad do mhórtheanga an Bhéarla agus a stair impiriúlach mar thoradh. Ag géilleadh do mhórghairm dhíchoilínithe a bhíodar ar deireadh thiar — i ngan fhios dóibh féin, seans — agus iad ag déanamh amhlaidh: "But to go all the way with his revolt [...] he will forego the use of the colonizer's language, even if all the locks of the country turn with that key" (Memmi 2021: 181). Sampla seoigh de "a liberated people's consciousness and creativity" (wa Thiong'o 1993: 57) mar aon le "a whole social structure being changed from the bottom up" (Fanon 1963: 27) a bhí sa togra leis, agus is fuirist dá bharr togra na nua-Ghaeltachta a aithint mar a bheadh mórghaisce díchoilínithe ann.

Léiriú cruthanta ar fhealsúnacht féinchabhrach Chumann Chluain Árd, "Ná habair é, déan é", a bhí san fhiontar úd chomh maith. Claochlaíodh lucht tógála na Gaeltachta ó "spectators crushed with their own inessentiality into privileged actors" (Fanon 1963: 27), ag



● *Albert Memmi*

cruthú don mhórphobal agus do na glúnta a lean gur féidir gaiscí ón mbonn aníos a bhaint amach, ach saothrú chucu. Ní beag an t-ábhar misnigh a bhain leis sin, misneach a mhaireann inniu dar le Brian Mac an tSionnaigh — duine de ghníomhaithe an Dreama Dheirg — a deir gur "ghlac an Dream Dearg an misneach sin [ó mhuintir Bhóthar Seoighe] agus lean siad leis an lasair dhearg mhisniúil spreagúil" (2022).

Tá an nath agus an fhealsúnacht chéanna — "Ná habair é, déan é" — ar ar tógadh Gaeltacht Bhóthar Seoighe i mbéal na ndaoine ó shin agus é ag feidhmiú mar a bheadh rosc catha ag gníomhaithe teanga i gcónaí. Is amhlaidh gur leag muintir Bhóthar Seoighe fealsúnacht na hathbheochana comhaimseartha leis an nath agus leis an ngairm úd, mar sin, focal faire a spreagann gníomhaithe teanga beart a dhéanamh de réir briathair i gcónaí. Ní hamháin gur leagadar fealsúnacht na gluaiseachta teanga comhaimseartha, áfach, ach chuir aislingeoirí Bhóthar Seoighe múnla athghabhála agus díchoilínithe ar fáil lena dtogra nua-Ghaeltachta chomh maith, gaisce a spreagann gníomhaithe teanga ó shin cúram na hathbheochana a ghlacadh chucu féin agus saothrú ón mbonn aníos beag beann ar chabhair an stáit.

Mar a scríobh Bobby Sands thiar in 1975 agus é ag trácht ar ghlúin Bhóthar Seoighe: "Ní raibh mórán airgid ag na daoine [...] nuair a thosaigh siad. Ní raibh ach rud amháin acu — bhí misneach láidir acu agus sin an rud is tábhachtaí [...] Leis sin, thiocfadh leat aon rud a dhéanamh" (O'Hearn 2006: 443). Glacaimisne chugainn an misneach céanna amach anso mar sin, a chomrádaithe, saothraímis go radacach réabhlóideach ón mbonn aníos, agus beirimis bua.

Is cuid de shraith ar leith an t-alt so a phléann le gnéithe éagsúla d'oidhreacht phobal Bhóthar Seoighe

▸ Iníon léinn PhD ag plé le hathbheochan chomhaimseartha na Gaeilge i mBéal Feirste



## Seabhrán

Ní hiad na coirpigh ar na sráideanna, ach coirpigh chorparáideacha
Atá ag cur mo shaol i mbaol ar mhaithe le comhlán lán le náideanna
Agus achmhainní príobháideacha a dhéanamh de mhaoin an tsaoil
'S gan agóidí forásacha leanfaidh siad orthu leis an gcur i gcéill
Mar is iad an RUC agus na gardaí
Cosantóirí na dtóraithe agus na bhfealltóirí
Achmháiní príobháideacha na gcomhlachtaí,
Na gcoirpeach corparáideach is gnólachtaí
Ba chuma leo faoin ár bpobal, ná iomrá ár bhfocal
Ag freagairt ár bhfeargacht faoin ndiomailt gan drogall
Le ciúnas, nach binn an béal ina thost
Ach cén fiúntas atá le córas claonta agus
An cur i gcéill, á, Is bocht an scéal é,
Ach d'athrófaí é anocht a Ghaela,
Dá dtiocfaimís uilig le chéile,
Le tabhairt faoi bheart dár gcearta daonna

## Is linne an chruinne

Eagraigí, éirígí, bígí níos meabhraí
Níl tada le cailleadh agaibh ach bhur slabhraí
Amhlaidh a bheas sé nuair a dhéantar an cinneadh
Le glacadh leis an bhfírinne, is linne an chruinne
'S ó dhuine go duine, go cothrom a roinnfear
Luach iomlán ár n-oibre 's maoine saolta ár saothair
De réir mar a chríochnaítear ag glacadh leis an gcur i gcéill
Gealfar ga na gréinne gach a raibh i bhfolach faoin néal
Ach ní dhéanfar é gan streachailt, íobairt agus éirí amach
Slánú an chine daonna, toradh na hoibre íogair éiritheach
Ní fadhb dhúinn ach, meonta na sluaite a mhúscailt nuair is tráthúil
'S a threorú i dtreo tórraimh an chórais chaipitlíoch go sásúil
An cacamas corparáideach a dhíoltar linn mar chultúr
ábhar bolscaireachta eacnamaíochta níos comónta ná cac na gcolúr
Monuar, mo sheacht mallacht ar a maslú anama
Déan dearmad ar tháirgiúlacht, tá sé in am ag ardú meanman

Bíodh an diabhal ag Gandhi, agus ag an nDali Lama,
Varadkar, Merkel, Hillary Clinton 's Obama
Mairg dá mbréag athrú, ní hé sin an t-éileamh againne
Go dtachtfar ar a bhfocla iad 's go dtiocfaidh ciall ag lucht a leanta
Is cuma liom faoina maorgacht, ná binneas a n-óráidí
Mura gcuirtear deireadh le forlámhas na húinéireachta príobháidí
Aintiarnas an tsealúchais ag imirt chos ar bholg
Ar mo ghlúinse ina iomláine, ag bogadh ó tholg go tolg
Nó ag saothrú leo go dícheallach le praghas an chíosa a thuilleamh
Mura bhfuilid ag codladh ar chosán, níor cheart go mbeadh aon ghlacadh leis a thuilleadh
Mar tuigeann formhór againn cheana cúis na faidhbe in éifeacht,
Ach ag an am céanna tá faitíos orainn roimh a réiteach
Sin é an réaltacht seachas scéala nuachta atá bréagach
Tabhair ath-éisteacht do mo línte míne críonna saor ón éitheach
Ag déanamh radacú ar na Gaeil agus Gaelú ar an radacaigh
Go dtiocfaidh le chéile cách uilig go lách ag screadaíl screathachaí

Santaím seal saolta subhach sách seachas streachailt síoraí seasta
Scathamh sona sásta sula sroichfid sé samhradh 's seasca
Saol suaimhneach síochánta socair, sin saoirse somheasta
Sé slabhraí saothrú suthain saibhris séala sclábhaí seal a seasaimh



Is rapálaí é Oisín Mac, nó geabaire Gaelach, mar a bhaist Rónán Mac Aodha Bhuí air, a dhéanann iarracht sean-chleachtas dúchasach na filíochta siollaí agus stíl ealaíne comhaimseartha lucht oibreach an Hip Hap a cheangailt le chéile i snaidhm. Is minic é le feiceáil agus le cloisteáil ag reic a chuid rannaireachta radacaigh ar stáitsí thar timpeall na tíre, ag féilte agus ceolchoirmeacha éagsúla, nó á sheinm ar leithéidí Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus an BBC, agus tá amhrán/dán leis ar shiollabas reatha an



Teastais Shóiséairigh. Tá sé théis tráchtas máistreachta a scríobh bunaithe ar a thaighde ar idé-eolaíochtaí teanga i leith an phróisis aistrithe teanga sa litríocht Ghaelach i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath na 18ú haoise, traidisiún a mhúnlaíonn a shaothar fileata féin.

Mar a dúradh faoin mbleachtaire cáiliúil Réics Carló tráth, "Gael uirbeach a bhí éirimiúil, cróga agus tírghrách, é fréamhaithe ina chultúr dúchais ach muiníneach as a ról sa saol nua-aoiseach"

## An Crampa Gallda

Tá an iomarca tithe saoire i gCorca Dhuibhne
'S dá bharr ní féidir le daoine cead pleanála a fháil achoíche
Amhail le Conamara theas le thais an chósta
Níl cead pleanála le fáil mar gheall ar easpa tógála bóithre
Deirtear gur gá dhuit a bheith dáiríre faoi na rudaí más maith leat iad a dhéanamh
Nó beidh bearta agus briathra de shíor ag tíocht chomh salach ar a chéile
Mar sin caithfidh gur droch-chur i gcéill é an chaint uilig i leith na Gaeilge
Ón rialtas, 'bhfuil sé in am againn díoltas a bhaint amach, nó in am againn géilleadh?
A Ghaela, Tá leigheas ár gcráite sách ráite sa sean-fhocal
Ní pobal go teanga 's ní teanga go pobal
Nílim ag caint faoi luacht na ngiolcacha ná leabhar na straoise gan drogall
Ach faoi na daoine a chothú ach tobair na gaoise a thochailt
Nó beidh an crampa gallda ar an teanga ag an uile dhálta ranga
Agus galar na léimhe neamhshéimhe ar a gcuid Gaeilge
Sin an chaoi a mbeidh sé mura n-athraíonn muid ár dtreo anois tá
Gnás ag fás ach geasa móra go leor againn fós le briseadh

## An Phalaistín

Ní cogadh é seo, ór níl airm ach ag taobh amháin
Ag déanamh deannaigh den taobh eile go dtí nach mbeidh aon fhuílleach ann
Le tacaíocht ó Mheiriceá, impireacht na ndomhianta
I gcónaí ag déanamh slad ar thalamh gallda i bhfad uatha gan srianta
Is bí cinnte go dtabharfar sceimhlitheoir ar achan uile dhuine
Chomh dána dalba le fáilte a dhiúltú dóibh is seasamh ina gcoinne
Mar sin é a sean-chleas ar eolas ag an tsaol mór
Is é cinedhíothú an tairgeadh agus is iadsan an díoltóir
Díothóir gan trua 's gan trócaire
Ag díothú daoine ina ndúthaigh dhúchasach, is dócha go
Cáinfear iad sna meáin abhus, uch, ach ait go leor
Fós féin níor chuir muide an ruaig ar a n-ambasadóir
Neart briathra míne, gan aon ghníomh á chur i bhfeidhm
Ag an ndaorstát nua-liobrálach, mar is breá le taoisigh tuatha Laighin
Ag plé le Síónaigh in ionad na Palaistínigh ag troid leo go cróga
Mar sin, is é príomh-chuspóir mo thogra, ná mo dhlúthpháirtíochtsa a fhógairt

Seosamh an chaca, Joe an chinedhíothú
Nára fada uait gach uile rud a chíonn tú
Ina chomhartha go bhfuil do chreach féin ag críochnú
Is gurab é an daoradh an t-aon rud eile a bhfaighidh tú
Ach níl do fhreasúra measartha féin ach olc go leor
Más é an t-aon mhalairt ag an bPoncán ná an trompadóir
In ionad iomaitheora teastaíonn uatha iompaitheoir
Go córas cóir an chomhair óir nílim ag dul thar fóir
Mar monuar, níl éinne acu ina tabula rasa,
An t-aon toradh orthu goin is gol do ghasúir Ghaza
Is an bolscaireacht is measa ag dul in olcas fad a seasaimh
Ag cosaint chuile chunús lofa atá tofa acu chun a leasa
Fad is a mbíonn cinedhíothú a shrúthú beo ar ár ngutháin
Fuinneóg go brón is anró á bhfulaingt go síórraí seasta suthain
Nó go n-imí an bheocht is an bheatha as gach uile cholainn
Agus is amhlaidh a bheas feasta mura ndéanfar athrú tobann



# I mBolg an Bhleidhmhíl

## *— nó an t-eimpíreachas agus an Marxachas i staireolaíocht na hÉireann*

le *Fearghal Mac Bhloscaidh*

Bhí ruaille buaille agus rírá ann ar na mallaibh maidir le stair "phoiblí", nó i bhfírinne, stair "oifigiúil" a mhol rialtas na dTóraithe i Londain, is é sin le rá, stair faoi choimirce stát na Breataine a bheas ag plé leis na Trioblóidí ó thuaidh. Thug cuid mhaith staraithe dúshlán an tionscadail agus iad ag maíomh nach staireolaíocht neamhspleách í agus nár cheart don stát cead teoranta a thabhairt do staraithe áirithe acadúla spléachadh a thabhairt ar cháipéisí rialtais nuair nach raibh a leithéid ar fáil do theaghlaigh na ndaoine ar mharaigh fórsaí an stáit agus a ngníomhairí i measc na ndílseoirí iad le linn na coimhlinte, go háirithe agus an tAcht mailíseach sin i réim anois a chuireann deireadh le fiosruithe, le cúisimh, le cásanna sibhialta agus le hionchoisní fiú amháin.

Rinne mé féin an criticeas céanna ar ndóigh seachas gur lean mé ar aghaidh agus gur chíor gairm an chathaoirligh a bheas ar ghrúpa na saineolaithe seo a stiúróidh an próiseas — Barún Paul Bew. Mhaígh mé féin go gcomhlíonann Bew agus a chomhluadar ról a bhíodh le himirt ag leithéid John Robert Seeley nuair a bhíodh impireacht na Breataine in ard a réime. Is é sin le rá gur chleacht siad beirt cúbláil idé-eolaíoch na staire faoi bhréagriocht acadúil. Níor thaitin an argóint ná an teanga ar bhain mé úsáid aisti le Sam McBride (*Sunday Independent*, 5 Bealtaine 2024). I bhfírinne, níor mhaígh mé féin gur spiaire de chuid na Breataine a bhí in Bew agus a chomhluadar ar an phainéal ach gur ghníomhairí iad ar nós Seeley rompu, a bhain úsáid as duaithníocht na staireolaíochta le ceilteanas a dhéanamh ar choireanna impiriúla na Breataine. Maidir leis an drochbhéas, dar liom féin nach bhfuil gnáth-chúirtéis tuilte ag Bew mar is gníomhaí mímhacánta é amach is amach.

Tá mo dhóthain scríofa agam anois idir Ghaeilge is Bhéarla faoin athbhreithniúchas agus faoin bhodach sin Bew fosta. Ach, tá pointe chomh tábhachtach céanna le hiniúchadh a eascraíonn as an chonspóid seo: bíodh siad ina mbolscairí cama nó ina n-eimpírithe 'macánta', feidhmíonn na staraithe seo go léir i gcomhthéacs idé-eolaíoch. Ba dhócha nach n-aontóinn le dearcadh na staraithe a thug dúshlán Bew srl. ach oiread agus iad ag scríobh ar m'ábhar sainiúil féin, réabhlóid na hÉireann, ach tá meas agam orthu mar sin féin cionn is go dtugann siad aghaidh ar an stair a scríobh le dea-intinn.

San alt acadúil a scríobh mé faoin athbhreithniúchas roinnt blianta ó shin, mhaígh mé gur eascair an cleachtas sin as na sainchúinsí sóisialta agus polaitiúla a bhain le hÉirinn agus leis an "Iarthar" go mall sna 1960idí agus sna 1970idí, nó i mbeagán focal gur cosaint liobrálach ar an chumhacht a bhí ann. Roghnaigh mé trí leabhar ón triúr ba mhó le rá san acadamh athbhreithnitheach (Bew ina measc) lena léiriú gur theip orthu eimpíreachas mar a mhol siad féin a chleachtadh agus seachas sin gur léirigh a gcuid saothair síorchlaontacht dhomhain. Seachas scoláireacht "oibiachtúil" nó staireolaíocht neamhchlaonta, bhíodh casadh, camadh agus cúbláil na fianaise ann le go dtig le comhdhearcadh d'aon ghuth a chraoladh faoi stair na tíre seo nó 1) go raibh stát na Breataine 'neodrach' nó fiú fial maidir le rialú na tíre, 2) go maireann dhá náisiún in Éirinn, agus 3) go bhfuil an poblachtachas ar an traidisiúin is seictí, is trodaí agus is neamhréasúnaí in Éirinn.

Ní raibh amhras ar bith orm nach raibh san eimpíreachas s'acu ach sciath le cosaint acadúil a thabhairt do thionscadal idé-eolaíoch. Ach dar liom féin gur gá dúinn dul níos faide ná an t-eimpíreachas seo a cháineadh ó dhearcadh eimpíreach. Seachas sin, mhair caidreamh teann idir claontacht na bhfear úd agus meancóga modh-eolaíochta s'acu—sin le rá, dinimic ina roghnaíodh na foinsí agus inar cúngaíodh réimse na ndearcthaí.

Nuair a cuireadh an t-alt céanna i gcló mar chuid de bhailiúchán in 2022, cháin Vincent Morley an argóint seo. Ní thig liom

smaointiú ar eimpírí dea-intinne níos fearr ná Vincent féin, staraí a bhfuil ard-mheas agam air. Mhaígh Vincent go dtagann teoiric ar bith salach ar oibiachtúlacht an tsaothair. Séanann sé fiú gur teoiric é an t-eimpíreachas féin. Bheadh sé d'aon fhocal le John Regan (staraí ionraic eile a bhfuil meas mór agam air) go n-aontódh siad beirt le cuspóir an athbhreithniúchais nó stair neamhchlaonta oibiachtúil a scríobh, an fhadhb dar leo nach eimpírithe cearta iad na "hathbhreithniúchóirí" agus bheadh Morley ag maíomh go mór go mbíonn siad spleách ar chartlann róchúng le stair "mar a bhí sí i bhfírinne" a scríobh.

Ina theannta sin, thug Morley mo dhushlán nuair a scríobh mé: "empiricism, by its very nature, reifies concepts and historical process, accepting them uncritically as fixed and natural phenomenon". Deir sé go ndéantar athbhreithniú ar achan ghinearálú nó achan choincheap, faoin eimpíreachas, de réir mar a thagann tuilleadh foinsí agus fianaise chun solais. Seachas sin, maíonn sé go spreagann teoiric "réadú", is é sin réad neamhbheo a shamhlú le neach daonna, cionn is go ngineann sí coincheapa teibí agus caolchúiseacha nach gcuidíonn linn saol na ndaoine san am a chuaigh thart a thuigbheáil.

In alt eile dá chuid, An cogadh in aghaidh na teoirice, maíonn Morley nach gá don "staraí glacadh le teoiric an eimpíreachais [John Locke] chun modh oibre eimpíreach a chleachtadh". Is maith an rud é sin do Morley cinnte, mar mhol Locke nach dtig linn "eolas a chur ar an saol ach trí mheán ár gcéadfaí:

> ní bhíonn faic ar eolas ag an duine i dtús a shaoil, níl aon fhoinse inmheánach eolais ina intinn, agus ní féidir leis teacht ar eolas trí mhachnamh a dhéanamh (ní hionann tuairim agus eolas): Is trí fhianaise na súl, na gcluas, an tadhaill a chuireann an duine eolas ar an saol.

Ní thuigfidh muid mórán faoi shochaí ná faoin stair faoina leithéid d'fhealsúnacht! Mar shampla amháin, thug saothar Chomsky sa teangeolaíocht dúshlán Locke agus an eimpíreachais as siocair go bhfuil intleacht nó ginchumas inmheánach ó dhúchas nach dtig linn a fheiceáil ná a thomhais trí mheán ár gcéadfaí a fhágann go bhfuil an teanga againn. Cé gur thug Chomsky amach faoi dhearcadh Marx ar nádúr an duine (go mícheart dar liom féin), ba léir go n-aontódh sé le ráiteas Marx in Das Kapital gur iomarcach an eolaíocht go léir dá mb'ionann dealramh an ruda agus a eisint.

D'aithin Chomsky múnla bolscaireachta sna meáin cumarsáide i dtíortha "daonlathacha" ag deireadh an chogaidh fhuair. Ní aontódh eimpírí leis an teoiric s'aige, ach níl aon amhras orm go raibh sí cruthaithe go maith agus go heimpíreach aige. Cliseann an t-eimpíreachas síos, mar sin, cionn is nach mbogann sé níos faide ná an rud nithiúil agus dromchla an fheiniméin. Molann Morley

> go mbíonn torthaí fónta ar mhodheolaíocht eimpíreach i mórán réimsí den léann: sa cheimic, sa bhfisic, sa bhitheolaíocht, san innealtóireacht, sa leigheas; agus más amhlaidh atá, luíonn sé le réasún gur fiú triail a bhaint as an gcur chuige céanna sa stair.

Ach, i bhfírinne, dá gcleachtfaí an t-eimpíreachas amháin san eolaíocht, bheinn go fóill á scríobh seo le peann! Nach raibh teoiric na coibhneasachta measartha tábhachtach? Nó cad é mar a bheadh cleachtas Locke maidir le meicnic chandamach srl? Leoga, maíonn Morley go gcuireann "an teoiric púicín ar an taighdeoir"—is oth liom a rá gurb eisean atá dall.


I bhfírinne, le stair a scríobh ó dhearcadh Marxach in Éirinn caithfidh an staraí gnóthachtáil ar chaighdeán níos airde fiú ná an t-eimpírí is cruinne agus is beaichte cionn is go mbíonn criticeoir ínteacht ag fanacht i dtólamh leis an uain meancóg a aimsiú. Bíonn an t-ionchas céanna ann ó thaobh foinsí agus eimpíreachais de, seachas go mbreathnaítear ar an stair mar phróiseas ar dhóigh dhialachtaiciúil agus an aicme agus modh táirgiúlachta na sochaí mar bhonn a imríonn an tionchar is suntasaí ar an phróiseas ar fad. Os a choinne sin, admhaíonn Morley nach dtig linn oibiachtúlacht cheart a bhaint amach ach is é an t-eimpíreachas an bealach is fearr leis an phointe is cóngaraí don cheann scríbe úd a aimsiú, dar leis. Mar sin de, tá an t-eimpíreachas lochtach de réir a chritéar féin.

Seachas ag amharc ar tháirgeadh na staireolaíochta mar ghné den tsochaí reatha ina maireann na staraithe sin, déanann Morley réadú ar cheird na staireolaíochta, ag maíomh go dtig leis na foinsí muidne a insliú ón chlaontacht. (Mhaígh Vincent nach ndúirt sé a leithéid i bhfreagra ar https://blosc.wordpress.com/ agus mo leithscéal gaibhte agam agus a shloinne litrithe mar is ceart ar an bhlag anois! Thug mé freagra ar achan phointe s'aige agus mé iontach buíoch as a aiseolas. Mar a dúirt mé, is gníomhaire ionraic é.)

Cad chuige, mar sin, ar theip ar ghlúin iomlán staraithe in Éirinn seo a bhaint amach? Seachas idé-eolaithe, in alt eile dá chuid (Aistí ócáideacha ar an stair, ar staraithe, agus ar scríobh na staire.), tugann Morley "seanmóirí staire" orthu agus déanann sé comparáid idir an t-athbhreithniúchas agus "ré na gcaiséad fuaime". Tá an chuid seo iontach greannmhar dar liom, ach pléann sé le táirgeadh an eolais mar shaobhadh seachas mar thimthriall eile i bpróiseas na staire:

> tháinig an dá earra ar an saol sna seascaidí, scaipeadar go rábach sna seachtóidí, bhíodar fós flúirseach sna hochtóidí, ach chuadar i léig go tapa sna nóchaidí agus is beag duine atá faoi bhun tríocha bliain d'aois a thug cluas dóibh riamh.

Sa tsruth giolca eadrainn, chuir mé fáilte roimhe go n-aontaíonn Vincent go n-iompraíonn gach staraí a chlaontacht féin sa chartlann agus i léamh na fianaise. Níl na foinsí neamhspleách, áfach; scríobh duine claonta eile iad i gcomhthéacs sóisialta agus idé-eolaíoch na ré sin.




*"Cliseann an t-eimpíreachas síos, mar sin, cionn is nach mbogann sé níos faide ná an rud nithiúil agus dromchla an fheiniméin"*

Mar a dúirt mé cheana, tá meas millteanach agam ar Vincent Morley mar is eimpírí ionraic é. San alt chéanna, cuireann sé síos ar "chúram an staraí" agus aontaím le gach uile focal. Ba cheart don staraí:

> staidéar a dhéanamh ar na foinsí príomha agus cuntas chomh cruinn cuimsitheach agus is féidir a sholáthar dá léitheoirí. Más scoláire fónta é, beidh an taighde críochnúil, an tuairisciú macánta, an réasúnaíocht loighciúil, agus na breitheanna tomhaiste. Ní bheidh de chuspóir aige ach tuiscint níos fearr a fháil ar dhream éigin a bhí ann romhainn agus ar an linn inar mhaireadar.

An fhadhb atá agam leis seo ná nach dtig leis an eimpíreachas tuigbheáil iomlán ceart ar na daoine romhainn ná a sochaí ná an nasc atá ann idir an stair agus an lá atá inniu a bhaint amach.

Ina theannta sin, tá an dearcadh seo dall ar na riachtanais idé-eolaíocha a bhaineann leis an tsochaí nó leis an linn ina maireann an staraí féin. Rinne Richard Evans cáineadh ar ardsagart na n-eimpírí, Geoffrey Elton, nuair a mhol sé gur cheart do na staraithe "éisteacht leis na foinsí". An deacracht a bhaineann leis seo ná go mbíonn dhá insint [ar a laghad!] ar gach scéal agus nuair atá beatha an staraithe i gceist, an té a íocfas an píobaire is é a ghlaofas an port. Dá bhrí sin, d'ardaigh Evans an cheist ríthábhachtach faoi na foinsí agus faoi na hábhair a roghnaíonn na staraithe agus na rannóga ollscoile s'acu ar an chéad dul síos.

Le linn an Chogaidh Fhuair, scríobh an staraí iomráiteach Marxach, E. P. Thompson, gur cosúil go mbíodh cónaí ag acadúlacht an Iarthair taobh istigh den mhíol mhór nó i mBolg an Bhleidhmhíl. Mhaígh sé go mbíodh scríobh na staire agus an acadúlacht i gcoitinne tógtha ar chomh-bhraistintí cumhachtacha:

> Viewed from within, it appears as if we have a multitude of autonomous minds making free choices among a diversity of opinions. It is only when the mind comes into conflict with one of the key "strategic" assumptions of the ideology that it is subjected to severe social and psychological pressures, and then it becomes more difficult to think as a "free autonomous individual".

Tugann saothar na n-eimpírí cama fiú eolas agus tuigbheáil dúinn ar an stair agus, ar ndóighe, tá mé féin go mór i dtuilleamaí eimpírithe ionraice ar nós Vincent Morley, ach ní thig leis an eimpíreachas mar atá molta aigesan tuigbheáil cheart a fháil ar an dream a chuaigh romhainn ná ar a sochaí, mar ní aithníonn sé gurb "é daoine ag tairgeadh i sochaí—mar sin, tairgeadh na ndaoine agus an tsochaí dá chinneadh—an pointe imeachta ar ndóighe." (Ó Cathasaigh 1997: 129) Nuair a chuir Defoe Robinson Crusoe ar oileán leis féin, níor thug sé faoi deara gur iompair sé achan chlaontacht a bhíodh ag Sasanaigh a linne leis mar aon le huaireadóir, dúch, peann agus mórleabhar. Ní bhaineann an éagsúlacht idir an t-eimpíreachas agus an t-ábharachas dialachtaiciúil le doimhneacht, cruinneas nó críochnúlacht na fianaise atá ar úsáid againn ach le tuigbheáil an taighdeora ar nádúr na staire agus na sochaí. Mar a cheol buachaillí an uisce tráth, "sé an difear idir corrán agus lán na gealaí", nó mar a scríobh Marx féin:

> Déanann daoine a gcuid staire dóibh féin; ach ní dhéanann siad dá ndeoin féin í; ní faoina rogha féin de chúinsí, ach faoi chúinsí a dtagann siad orthu, a leagtar amach rompu. A fhágtar acu go díreach. Luíonn traidisiún na nglúnta marbha go léir ar nós tromluí at intinní na mbeo. (Ó Cathasaigh 1997: 97)

---

## Rí na nDeontas

Tabhair domh deontas
Tabhair domh deontas
Coinneoidh sé ag gabháil mé
ó bhreith go cré
Rí na nDeontas a bheir siad orm
Ag tarraingt na ndeontas gan stad,
leanaim orm.

Caith chugam greim nó grabhóg
coinneoidh mé siamsa libh
Scoith an cheoil agus na healaíne
póg ar an tóin nó broim ó mo chroí
tabhair domh deontas agus gheobhaidh tú í

Deontas ar mo dheis, deontas ar mo chlí
Níl aon deontas chomh maith leithi

Má tá maith sa dól ní mhaireann sé ach seal
Nó ní fada go mbeidh tú ar Jobs Bridge seal tamaill
Tá cultúr na nGael ag éileamh, tá sé tinn
Ach le cuidiú cupla deontas éireoidh linn.

▸ Seanán Mac Aoidh a chum an rámas seo.
Chuir Rob Ó Maoilchiaráin ceol leis.

# Ní Dónal Óg ná GAAGo

Odrán de Bhaldraithe

Tá ocsaigin de dhíth ar an iomáint. Sin a deirtear nuair a bhíonn an easpa margaíochta ar chluiche náisiúnta na hÉireann á plé. Tháinig an leagan is cáiliúla den ráiteas ó Dhónal Óg Cusack i monalóg cúig nóiméad ar an *Sunday Game* i mí Bealtaine 2023. Gan amhras, tá cuma na fírinne ar an ráiteas seo fé spórt atá fé chosaint UNESCO.

An fhadhb atá ann nach raibh Dónal Óg ag bagairt fén easpa infheistíochta agus margaíochta ar an gcluiche timpeall na tíre. Bhí argóint i bhfad níos simplí á déanamh aige. An tuairim láidir a bhí aige ná gur chóir níos mó cluichí iomána idirchontae a thaispeáint ar theilifís phoiblí na hÉireann. Arís, ní gearán míthuisceanach é seo. Tá sé de dhualgas ag RTÉ ardán a dhéanamh don chultúr náisiúnta, agus mar sin de, ba chóir do RTÉ agus do TG4 an méid iomána is mó is féidir a thaispeáint. Ní hea go bhfuil cláracha nach féidir cailliúint amach ar á dtaispeáint acu tráthnónta Shathairn mar a sheasann sé. Ach ní cluichí iomána a bhí á dtaispeáint ar an tseirbhís shíntiús, GAAGo — go háirithe cluichí i gCraobh Iomána na Mumhan — a bhí mar fhíor-bhuncloch a chuid argóintí. Tar éis dó a rá nach bhfuil aon fhadhb aige le seirbhísí shíntiúis, thosnaigh Dónal Óg ar an gcraobh iomána idirchontae. Tá an Chraobh Iomána brúite isteach in aon deireadh seachtaine dhéag sa bhliain. Tá dhá phríomhargóint ag Dónal Óg agus ag a chomhghleacaithe sna meáin agus is iad: go ngoideann an easpa iomána idirchontae ar RTÉ ocsaigin ón iomáint; agus go ndéanann an "split season" a thosnaigh CLG in 2022 an rud céanna.

Bhí cluichí idirchontae curtha taobh thiar de bhalla íocaíochta in 2014, nuair a rinne CLG margadh leis an gcraoltóir príobháideach Briotanach, Sky. Bhí an margadh seo á mholadh go hard na spéire ag formhór na meán, Dónal Óg ina measc. Bhí Donal Óg den tuairim gur cinneadh misniúil a bhí ann ó CLG. Bhí sé ar son aon rud a dhéanann méadú ar an aitheantas a fhaigheann imreoirí CLG. Ba é an méadú ar an aitheantas seo an príomhbhuntáiste don chluiche dar le cuid den phobal. Bhí "tuairisciú" mar fhocal an lae ag an am, agus daoine ag rá gur sin an phríomhbhuntáiste a bhí i gceist. Táimid deich mbliana ar aghaidh fé láthair agus níl éinne de na daoine seo in ann a mhíniú conas a thug balla íocaíochta Sky tuairisciú níos leithne ar an iomáint agus go ndéanann ceann GAAGo a mhalairt.

Cheap Páraic Ó Dufaigh, iar-uachtarán CLG a shínigh an margadh, go dtabharfadh an margadh seo le Sky seans do dhiaspóra na nGael na cluichí Gaelacha a fheiscint go rialta. Cheapfá go raibh síntiús Sky Sports ag gach éinne in Éirinn agus ag gach ball den diaspóra sa Bhreatain. Dúirt Sky go raibh níos mó ná 12 milliúin síntiúsóir acu idir Éire agus an Bhreatain in 2015 ach ní dúradar cén saghas síntiúis a bhí acu. Tá sé dodhéanta, mar sin, a rá an raibh nó nach raibh Sky Sports acu. Tá a fhios againn go raibh 700,000 síntiúsóir sna sé chontae is fichead ag Sky Ireland in 2023.[1] Deir Ofcom go raibh síntiús teilifíse príobháidí ag 67% de na tithe sna sé chontae in 2014[2] ach thit an ráta seo go 38% in 2023.[3]

Bhí Paul Rouse, iar-bhainisteoir peile Uibh Fháilí agus údar an leabhair staire iontach fé CLG *The Hurlers* glan i gcoinne an mhargaidh le Sky ón dtús.

Taispeánann obair acadúil Rouse:

a) gur thit an tóin as líon na ndaoine a bhí ag féachaint ar chluichí móra CLG nuair a bhíodar ar Sky
b) go raibh breathnóirí sna céadta mílte níos mó ag RTÉ nuair a bhí cluiche ar Sky agus ar RTÉ ag an am céanna
c) nach raibh aon fhianaise le ráiteas CLG go raibh Briotanaigh ag teacht isteach go dtí an cumann in uimhreacha móra
d) go raibh lucht féachana ag an am do CLG ar Sky, ar an mheán ina 0.25% de líon na ndaoine sa Bhreatain a bhí ag féachaint ar an teilifís.[4]

Caithfidh an cheist seo a fhiosrú fé bhalla íocaíochta GAAGo agus fé bhalla íocaíochta Sky. Tá sé soiléir ó obair Paul Rouse nár dhein balla íocaíochta Sky mórán chun scéal na hiomána a scaipeadh. Dhein sé a mhalairt. Nuair a chuir polaiteoirí a ladar isteach sa scéal, bhí sé ríshoiléir go raibh an scéal seo ag fás taobh amuigh de dhomhan na hiomána é féin. Pé rud is féidir a rá fé pholaiteoirí, bíonn sé de bhua acu go minic an tslí a bhfuil an ghaoth ag séideadh a aithint. Tá Fianna Fáil agus Fine Gael ag druidim i dtreo an mhargaidh phríobháidigh le fada an lá. Bhí sé thar a bheith ait mar sin nuair a labhair Micheál Martin agus Simon Harris amach i gcoinne bhalla íocaíochta GAAGo. Ní raibh siad ag fógairt go raibh Fianna Fáil agus Fine Gael ag casadh a ndroimeanna ar an margadh príobháideach. Bhí rud níos bunúsaí ná sin i gceist. Ní raibh gnáthmhuintir na hÉireann sásta ar chor ar bith leis an mballa íocaíochta seo. Thuig na polaiteoirí an mhíshástacht seo. Bhí cluichí móra iomána sciobtha ó lucht leanúna na hiomána i bpreab na súl, i ngan fhios dóibh. Mhol na polaiteoirí do CLG éisteacht lena mballraíocht. Cheapfá go mbeadh an Taoiseach agus an Tánaiste sásta le CLG toisc go raibh sé ag dul síos bóthar an mhargaidh phríobháidigh leo. Thaispeáin siad a gcuid solúbachta nuair a d'aithin siad go raibh orthu a lucht vótála a shásamh. Ní aithníonn CLG a mballraíocht mar lucht vótála. Níl siad sásta éisteacht leo.



● *Dónal Óg Cusack*

Tá fadhbanna dáiríre ag baint le GAAGo agus an costas leis. Is le RTÉ agus CLG GAAGo. Is réamhshampla dainséarach é seo do mhuintir na hÉireann. As póca amháin, tá ar dhaoine íoc as GAAGo, seirbhís curtha ar fáil ag an gcraoltóir náisiúnta, agus as an bpóca eile, tagann an ceadúnas teilifíse agus roinnt dá gcuid cánacha amach agus ar aghaidh go RTÉ chun an stáisiún a chothú. Deirtear freisin gur chóir níos mó iomaíochta a bheith sa phróiseas a roghnaigh an craoltóir, ach níl anseo ach tuilleadh ionadaíochta ar son an mhargaidh phríobháidigh chun seans a thabhairt dóibh tuilleadh airgid a dhéanamh as CLG. Tá sé de cheart ag CLG bainistíocht ar a gcuid cluichí a choimeád dóibh féin agus ba chóir don chraoltóir náisiúnta a bheith i gcónaí ann mar phríomhchraoltóir an chultúir náisiúnta.

Is é an argóint fén gcostas sa bhreis an t-aon argóint i gcoinne GAAGo a dhéanann aon chiall. Taispeánann an rírá fé ath-ainmniú Páirc Uí Chaoimh le déanaí fírinne shearbh do chúrsaí CLG: chomh fada is atá an cumann amaitéarach, agus ba chóir i gcónaí dó a bheith amhlaidh, beidh an earnáil phríobháideach ann i gcónaí chun slad a dhéanamh ar an obair dheonach a dhéanann ballraíocht CLG. Ní baill de chuid na hearnála príobháidí iad RTÉ ná GAAGo, ach tá an rud céanna i gceist; gan an méid ceart airgid stáit don chraoltóir ná don chumann, is muidne, an lucht féachana, a chailleann amach. Deir Dónal Óg nach bhfuil fadhb aige le seirbhisí síntiúis, ach is iad sin an fhadhb. Ní féidir GAAGo a fháil ach ar an idirlíon agus tagann Sky go díreach chuig do theilifís. Is é an

cosúlacht atá acu ná lucht féachana íseal taobh thiar de bhalla íocaíochta.

Mar sin de, an bhfuil sé fíor a rá go ngoideann GAAGo ocsaigin ón iomáint? Ag oibriú ó shaothar Rouse, déanann balla íocaíochta damáiste do líon lucht féachana na hiomána, gan amhras. B'fhéidir go ndeireann sé rud éigint linn fé thuiscint an mheáin ar iomáint nach dtagann an argóint seo aníos ach amháin i ndiadh cluichí maithe i gCraobh Iomána na Mumhan. Breathnaíonn an ráiteas seo ar ár dtuiscint ar an iomáint agus ar an ocsaigin, agus tógann sé seo sinn go dara pointe Dhónail Óig.

Tá ardleibhéal iomána idirchontae — Craobh Laighin, Craobh na Mumhan, agus Corn Liam Mhic Cárthaigh — mar ardchaighdeán an ardchaighdeáin. Tá sé ráite gur imreoirí idirchontae iad 3% de líon imreoirí CLG. Má roinneann tú é sin ina dhá chuid ghlana idir peil Ghaelach agus iomáint, d'fhéadfaimis a rá go bhfuil 1.5% d'imreoirí CLG ina n-iománaithe idirchontae. Bíonn aon fhoireann déag ag imirt i gCraobh Laighin agus Craobh na Mumhan gach bliain. Taobh amuigh de Chorn Liam Mhic Cárthaigh, tá sé fhoireann sna leibhéil eile, Londain agus Warwickshire san áireamh. Bíonn ardchaighdeán agus ardchoimhlint iomána le feiscint le linn chomórtas Chorn Sheosaimh Mhic Dhonnachadha. I ndiaidh brú mór a chur ar RTÉ, craoltar an cluiche ceannais agus bíonn buaicphointí an-ghairid ar fad ar na cluichí le linn an chomórtais sin le feiscint ar an *Sunday Game*. Ní chraolann RTÉ oiread is poc amháin den sliotar ó Chorn Niocláis Uí Mhacaigh, ó Chorn Labhraí Uí Mheachair ná ó Chorn Chríostóir Uí Rinn. Craoltar cluichí ceannais na gcomórtas seo ar TG4. Imríonn formhór na n-iománaithe idirchontae iontu. Tá giorra mór anála ar an iomáint sna craobhacha seo. Tá ocsaigin de dhíth uirthi go práinneach. Seachas Corn Liam Mhic Chárthaigh, níl aon ghuth sna meáin ag formhór na n-imreoirí idirchontae.

Níl sé i gceart a rá go bhfuil aon deireadh seachtaine dhéag ag iomáint. Craoltar na cluichí sraithe i rith an Earraigh ar TG4. Ansin tagann aon deireadh seachtaine dhéag de chraobh Liam Mhic Cárthaigh, Laighin agus An Mhumhain ina measc. Is é sin an t-aon saghas iomána atá craolta ag RTÉ roimh mhí Dheireadh Fómhair. D'fhéadfadh linn iomáint teilifíse a chur ar an leibhéal seo iomána. Seo mar atá sé ó tháinig an ráithe roinnte — an "*split season*" mar a deirtear sa Bhéarla — nuair a roinneadh féilire CLG in 2022 go cothrom idir cluichí idirchontae agus cluichí clubanna. An argóint atá á déanamh ag Dónal Óg, agus ag gach iriseoir spóirt in Éirinn nach mór, ná go bhfuil gnáthlucht leanúna iomána á mhárú toisc go bhfuil an chraobh idirchontae teoranta idir Aibreán agus Iúil.

"Tá sé ar fad fé infheictheacht an spóirt," a dúirt an craoltóir Shane Hannon le Tommy Walsh, iar-iománaí de chuid Chill Chainnigh, ar *Off the Ball* ar Newstalk an lá i ndiadh do Dhónal Óg a phíosa a rá. Ar an seó céanna, tharraing an t-iriseoir ón *Irish Times* Malachy Clerkin, an comhrá ar ais go dtí an ráiteas a dhein Dónall Óg, go bhfuil CLG i gcomórtas le rugbaí ach go háirithe.

Dúirt Dónal Óg gur féidir lena nia gach imreoir ar fhoireann sacair Liverpool a ainmniú. Léiríonn sin agus ráiteas Clerkin an meon atá ag na boic mhóra seo fé CLG agus an comórtas atá samhlaithe acu idir an Cumann agus spóirt ghairmiúla ar nós sacair agus rugbaí. Má tá aon deireadh seachtaine dhéag d'iomáint teilifíse sa bhliain, tiocfaidh tú ar iomáint na gclub timpeall na tíre go léir nach mór gach deireadh seachtaine eile. Níl sé sin le rá go bhfuil an caighdeán chomh ard leis na cluichí idirchontae. Ní hé sin an pointe. Tá CLG mar chumann amaitéarach freagrach as an mballraíocht atá rannpháirteach sna cluichí a éilíonn ar CLG féilire chothrom a chur in ord. Níl a leithéid d'fhadhbanna ag Liverpool FC. Níl aon bhaint ag Liverpool FC le sacar cosmhuintire chathair Learpholl. Nuair a dhéanaimid comparáid idir CLG agus an Premier League, a rá go bhfuil CLG ag cailliúint amach de dheascana heaspa margaíochta a dhéanann siad, an bhfuilimid ag rá gur chóir dár gcumann amaitéarach sampla an Premier League a leanúint? An é an rud atá uainn ná na foirne idirchontae a bheith cosúil le foirne an Premier League, ceannaithe ag Stáit na Murascaille ná cistí fáilithe Meiriceánacha, iad chomh fada sin ón ngnáthdhuine nach bhfuil aon bhaint againn leo ach amháin mar lucht féachana?

D'iriseoirí ar nós Roy Curtis, tá an chothromaíocht atá tagtha go saol an ghnáth-imreora ina phraghas rómhór aige. Tá an laghdú atá tagtha ar an séasúr idirchontae ina chur isteach air agus ar dhaoine nach bhfuil aon chaidreamh acu le CLG ach amháin ón tolg. Scríobh Curtis ar a chuntas X/Twitter in Aibreáin 2022 go bhfuil CLG tar éis na "greatest months" — Lúnasa agus Meán Fómhair — a ligint uathu agus go bhfuil an cluiche sna cumainn ina chluiche "áitiúil, paróisteach, nach dtéann i ngleic le lucht leanúna an tseomra suite". I leagan den phodcraoladh Second Captains i nDeireadh Fómhair, cháin Clerkin GAAGo toisc nach raibh sé oiriúnach don té a d'fhéachfadh ar Everton v Leicester chomh tapadh is a d'fhéachfadh sé ar chluiche iomána. Pointe a chuir Ciarán Murphy leis, a rá gurb é a phointe ná "an fear a fhéachann ar chúig nó sé chluiche sa bhliain".

Dhein Murphy, imreoir club peile, an pointe a bhíonn caillte go minic sna comhráite seo: "Déanann an ráithe roinnte ciall ó thaobh cumann a stiúradh; ach ó thaobh margadh craoltóireachta, déanann sé níos lú céille". Seo é an fhadhb, ní hamháin i gcroílár na hargóinte fé GAAGo agus fén ráithe roinnte, ach i gcroílár CLG é féin. Mar a dúirt Tommy Walsh ar *Off the Ball*, bhí cluiche ag an ngnáthimreoir "b'fhéidir in Aibreán, b'fhéidir dhá chluiche, agus ansin bhreathnódh an chéad chluiche eile ar conas ar éirigh le Cill Chainnigh sa chraobh idirchontae". "An bhfuil aon chiall ag baint le sin?" a cheistigh Walsh. "Ní dóigh liom é. Más imreoir club thú ... caithfidh tú traenáil ar nós deamhain in Eanáir, Feabhra, Márta do chluiche in Aibreán ... ansin deirtear "seans go mbeidh sibh ag imirt i mBealtaine, Meitheamh, nó Iúil". An rud atá dearmadta sna hargóintí seo i gcoinne an ráithe roinnte ná an gnáthimreoir. Ní haon ionadh é nuair atá sé ag teacht ó iriseoirí ar nós Curtis nach bhfuil aon bhaint acu leis an gcluiche ag an mbunleibhéal ná ag aon leibhéal.

Cé dó ar chóir dúinn tosaíocht a thabhairt i CLG na laethanta seo;

a) an bhallraíocht a chothaíonn an cumann áitiúil agus an cluiche idirchontae le hobair timpeall na tíre;
b) nó an breathnóir ócáideach nó teagmhasach, duine a d'fhéadfadh a bheith ina shruth nua airgead don chumann dá mba rud é go bhfeicfeadh sé go leor iomána ar an teilifís?

Ag éisteacht le roinnt imreoirí idirchontae, tá seans go bhfuil sé ródhéanach. Ag labhairt ar an leagan céanna de *Second Captains*, dúirt iar-imreoir peile de chuid Átha Cliath, Paul Flynn, a bhí ina phríomhfheidmeannach ar CIG (Cumann Imreoirí Gael), go raibh sé dímhaoin ón gcumann le déanaí, seachas ceithre oíche sa tseachtain thíos ina chumann áitiúil. Seans gur ráiteas míchúramach é seo ó Flynn, ach léiríonn sé dearcadh dainséarach atá ag fás. Tá ardmholadh tuillte ag Flynn de bharr an méid oibre a dhéanann sé agus an méid ama a chaitheann sé ina chlub féin ach léiríonn a ráiteas an dearcadh atá ag méadú i measc lucht gairmiúil CLG. Is é sin, muna bhfuil súile na meán ort agus tú gníomhach in obair idirchontae CLG, ní obair fhiúntach í i ndáiríre. Nochtann sé sin an scoilt atá ag teacht idir an cluiche idirchontae agus cluiche clubanna.

Dúirt Flynn go bhfuil an margadh le GAAGo ina iarracht ó CLG greim a fháil ar an gcluiche idirchontae. Ghlaoigh sé "táirgeadh" air, a rá gur chóir é a chothú agus a chur chun cinn. Aontaíonn Curtis leis. In alt inar ghlaoigh sé "cluiche draíochtúil" ar an iomáint, cáineann sé an ráithe roinnte. Deireann sé go bhfuil saol ar nós cuile Bhealtaine ag an séasúr idirchontae. Ní ritheann sé le Curtis ná lena chomrádaithe sna meáin go mbíonn cluichí tábhachtacha ar siúl i mí Lúnasa, mí Mheán Fómhair agus mí Dheireadh Fómhair fiú muna bhfuil siad ar an teilifís. Léiríonn an t-ardú ar phraghas na dticéad do chluiche ceannais na hÉireann go €100 nach bhfuil aon bhagairt déanta do líon na ndaoine atá ag freastal ar na cluichí móra. Éilíonn siad ar CLG tosaíocht a thabhairt don teilifís agus cearta craoltóireachta. Nuair a dhéanann tú "táirgeadh" den chluiche, cruthaíonn an táirgeadh "bréag-dhomhan nach féidir ach féachaint air" d'fhormhór d'iománaithe na tíre. Dá bharr sin, caithfidh sé a bheith amhlaidh gurb é an cluiche idirchontae bun agus barr an tséasúir iomána. Téann an ráithe roinnte, an fhéilire a roinnt leis an ngnáthimreoir, díreach i gcoinne na dtuairimí seo.

Ceann de na hathraithe móra ó tháinig an ráithe roinnte isteach ná an leathluas ar a imrítear an tSraith Náisiúnta Iomána anois de

réir na meán. Tosnaíonn sí i mí Eanáir agus leanann sí ar aghaidh go mí Aibreáin agus craoltar í ar TG4. Tagann an chraobh idirchontae díreach i ndiaidh na sraithe agus tagann craobh na gumann díreach ina dhiaidh sin. Mar sin de, úsáideann foirne an tsraith chun ullmhúchán a dhéanamh don chraobh agus deireann na meáin gur masla é seo. Dúirt Clerkin go bhfuil sé stractha as a chéile agus dúirt Joanne Cantwell ar an *Sunday Game* go bhfuil sé ina chíor thuathail. Is míthuiscint bhunúsach í seo ar an iomáint. Ní féidir cluichí ar ardchaighdeán iomána a imirt tríd an gclábar agus ar thalamh bhog. Caithfear an cheist seo a chur: an gceapaimid gur chóir go mbeadh imreoirí amaitéaracha ag imirt ar lánluas ó Eanáir go Iúil. Ansin, go dtéann siad ar ais go dtí a gcumainn féin, an áit ina bhfuil siad ar na himreoirí is fearr, chun imirt ó Lúnasa go Deireadh Fómhair? An bhfuil sé ceart ná cóir é sin a lorg ó imreoirí amaitéaracha ar feadh deich mí as gach bliain?

Má fhéachaimid ar mholadh conspóideach a chuir CLG chun cinn ag deireadh 2023, seans gur féidir linn teacht ar thuiscint ar an saghas ocsaigine atá de dhíth ar an iomáint. I mí na Samhna 2023, chuir CLG moladh chun cinn go mbeadh contaetha a bhfuil níos lú ná cúig fhoireann shinsir iomána acu caite amach as an tsraith agus teoranta isteach i gCorn Labhraí Uí Mheachair, an chraobh is ísle san iomáint idirchontae. Bhí glacadh an-diúltach ó phobail iomána leis an smaoineamh seo, go háirithe sna cúig chontae a bheadh i gceist—An Cabhán, Fear Manach, Liatroim, Longfort, agus an Lú. Is comhartha míshláintiúil é go raibh an moladh in ann teacht chun cinn ar an gcéad dul síos. Léiríonn sé seo an dearcadh atá ag na boic mhóra in CLG ar na contaetha forbartha iomána. Ní fhaigheann na contaetha seo mórán ocsaigine ón teilifís ach ba chóir go mbeadh CLG, atá freagrach as forbairt na hiomána, níos gníomhaí ar son na hiomána sna contaetha forbartha.

Seo an dúshlán atá roimh CLG mar stiúrthóirí ár gcluichí náisiúnta.

Dúshlán a) i leith na ballraíochta, chun síol na hiomána a scaipeadh i ndáiríre don chéad uair ó laethanta aisling Mhichíl Uí Chíosóig. Nó an ngéillimid don "nua-aimsearthacht leachtach" (*liquid modernity*) ar labhair Zygmunt Baumann fé, ré ina bhfuil "sásamh colainne curtha os comhair sásamh nach féidir a fháil ach amháin ó iarracht leanúnach"? An bhfuil na Gaeil, a bhfuil a dteanga dhúchais náisiúnta fé bhrú agus fé chois cheana féin, chun an odaisé a scríobh Mac Síomóin fé á chríochnú agus ár gcluiche náisiúnta á scrios don mhargadh idirnáisiúnta?

Ar rith sé leis na boic mhóra riamh infheistíocht a dhéanamh san iomáint go mbeadh sluaite móra agus "geataí móra" ag teacht isteach sa chumann dá mbeadh an iomáint níos láidre ar fud na tíre? Deirtear "can't see, can't be" sa Bhéarla go minic agus iad ag argóint ar son tuilleadh de chraobh na Mumhan a thaispeáint ar an teilifís, ach i gcás na bpáistí nach bhfuil club iomána sa cheantar acu, d'fhéadfaidís féachaint ar gach cluiche idirchontae ar an teilifís, ach fós ní bheadh aon deis acu iomáint a imirt. Is crainn a thugann ocsaigin dúinn agus is ó shíolta a fhásann crainn. Diaidh ar ndiaidh, neartaíonn cumainn nua iomána na foirne idirchontae agus na cluichí atá craolta ar an dteilifís.

Ar *Off the Ball*, dúirt Clerkin—ní go mícheart—go mbaineann daoine taitneamh as féachaint ar an iomáint ach nach n-imríonn méid mhór do dhaoine í. Do Clerkin, ní fhéadfá é seo a athrú: "níl tú chun contaethe iomána a dhéanamh de chontaethe peile". Níl éinne ag rá gur chóir é seo a dhéanamh, ach is cothrom na Féinne atá ag teastáil. Cosnóidh sé seo roinnt airgid, le hoifigigh forbartha iomána curtha i ngach páirt den tír, smaoineamh nach bhfuil aon tsuim léirithe ann ag CLG. "Ní dóigh liom go bhfuil aon suim acu [lucht iomána] in iomáint Dhún na nGall a fhás," arsa Clerkin. Ní dóigh liom go bhfuil tuairim Clerkin go huile is go hiomlán fíor ach níl seans ar bith ag an iomáint fás i nDún na nGall, mar shampla, mar atá cúrsaí. In 2022, thaispeáin cuntais fhoireann fé 17 agus fé 20 Dhún na nGall go raibh €320,000 caite ar iomáint agus ar pheil, le €240,000 caite ar an bpeil agus €65,000 ar threalamh, ag fágaint €15,000 don dá fhoireann iomána.

An gcruthóidh craoladh níos minice ar Chill Chainnigh nó ar Chorcaigh tuilleadh cumainn iomána i nDún na nGall nó i Sligeach? Bhí an t-am ann a raibh RTÉ ar an aon chraoltóir amháin a thaispeáin an iomáint agus lean an séasúr idirchontae ar aghaidh go tús Mheán Fhómhair. Níor dhein sé aon mhaitheas don iomáint i bhformhór de chontaetha na tíre. Cheistigh Dónal Óg cé atá i bhfeighil ar an iomáint a chur chun cinn. "Cibé duine atá ann, níl jab maith á dhéanamh acu" a dúirt sé. Tá an ceart aige. Dá n-éistfidís leis, bheadh baol ann go mbeadh jab níos measa arís á dhéanamh acu.

Tá ocsaigin de dhíth ar an iomáint. Níl in ocsaigin na teilifíse ach cuid den scéal. Tá fíor-ocsaigin na hiomána le fáil ar bhánta glasa na hÉireann. Níl sé maith go leor a rá le clubanna iomána nua, mar a deir CLG go minic, gur chóir dóibh dul go club sean-bhunaithe agus imirt leo, cé go mbeadh na clubanna seo breis is deich míle uathu. Tá plean gníomhach de dhíth. Ní plean lán d'abairtí galánta a bhailíonn deannach, ach plean a thugann treoir agus bóthar a leasa do na clubanna nuabhunaithe. Plean le hoifigí iomána scaipthe ar fud na tíre a bheadh ar fáil do na clubanna agus in ann na clubanna nuabhunaithe a threorú ó aoisghrúpa go haoisghrúpa, trí na rialacha, na nósanna agus comhairle a thabhairt fé na costais a bheadh le n-íoc de réir mar a bheadh an club ag fás agus ag forbairt. Mothaíonn na clubanna nuabhunaithe go bhfuil siad fágtha ina n-aonair agus go bhfuil sé fíordheacair teacht ar éinne i CLG chun cabhair agus comhairle a leasa a thabhairt dóibh. Bíonn na clubanna nua seo caite ó dhuine go duine go dtí go dtéann an tobar i ndísc. Tá oifigí iomána gníomhacha, sofheicthe ag teastáil ó na clubanna forbartha. Tá oifigí iomána a bhfuil sé fuirist dul i dteangbháil leo agus freagrach as cad atá ar siúl timpeall orthu de dhíth go práinneach. Tá sé thar am anois fáil réidh leis na horáidí móra agus gníomh a dhéanamh chun go mbeadh an iomáint ag bláthú ar fud na tíre. Beart de réir ár mbriathar.

Is scríbhneoir as Cill Chainnigh é Odrán de Bhaldraithe atá ina chónaí i mBéal Feirste. Tá a chéad leabhar, *Neglect in the North of Ireland*, ar fáil ó Ebb Books.



# Cothrom na féinne do dhaoine néara-éagsúla agus do ghrúpaí mionlaithe eile

**Pádraig Mac Oscar**

Caidé atá i gcoiteann ag an gníomhaí Greta Thunberg, an peileadóir James McClean agus an t-aisteoir Anthony Hopkins? Ní mórán ar an chéad radharc. Is é an freagra ná go bhfuil uathachas orthu uilig.

Cé hiad na daoine a thagann chun cinn nuair a chluineann tú an téarma "neamhord speictream uathachais" de ghnáth? Ar feadh na mblianta, bhí steiréitíopa an "savant" ar nós an Rain Man nó páiste éachtach éigin a chríochnaigh céim ollscoile in aois a sheacht bliana déag. Tá téarmaíocht ar nós "ar an speictream" in úsáid sa lá inniu le bheith ag caint orthu sin atá beagán aisteach. Go minic, ní bhíonn fianaise ar bith ag daoine nuair a deirtear seo —deirtear é mar chur síos ar phearsantacht daoine an bealach céanna a ndeirtear "greannmhar" nó "dímhúinte".

Is féidir a rá go bhfuil seo gan dochar don chuid is mó. Ach tá taobh contúirteach agus casta leis na steiréitíopaí seo. Tá seo le feiceáil go háirithe i dtaca le cúrsaí Gaeilge, áit a bhfuil an steiréitíopa diúltach nach bhfuil daoine uathach ábalta an teanga a fhoghlaim. Uaidh seo, tá brú curtha ar thuismitheoirí eisceachtaí ó fhoghlaim na Gaeilge a lorg dá gcuid páistí uathacha, agus Béarla a labhairt leo sa teach fiú i dteaghlaigh Ghaelacha.


Insíonn seo dúinn tuilleadh rudaí suimiúla fá na cosúlachtaí idir an meon atá ag an mhórchuid i leith teangacha mionlaithe agus míchumais. Tá teangacha mionlaithe curtha in áit na leathphingine ag na mórtheangacha agus ar imeall an chomhrá i saol eacnamaíoch agus cultúrtha an mhóraimh, an bealach céanna a gcuirtear síos go minic ar dhaoine uathacha mar ghrúpa amháin "néara-éagsúil".

Ach tá an nós seo míchruinn agus as dáta. Tá na samhlacha leighis atá ar fáil ag athrú agus ag feabhsú an t-am ar fad. Uaidh seo, tá ár dtuigbheáil agus an t-eolas atá ar fáil ag forbairt an t-am ar fad. Mar shampla, ní dhearnadh aon diagnóis ar Anthony Hopkins go dtí 2014, nuair a bhí sé 77 bliain d'aois. Rinneadh diagnóis ar James McClean nuair a bhí sé 34 bliain d'aois in éineacht lena hiníon féin.

Taispeánann cás McClean cé chomh gasta a athraíonn ár gcuid eolais ar an uathachas. Níl McClean ach dhá bhliain níos sine ná mé féin, duine a fuair diagnóis in aois mo shé bliana. Tá an stór focal a úsáideann muid ag athrú i gcónaí go fiú—caithfidh muid a choinneáil i gcuimhne nár cuireadh an téarma coitianta "Asperger's Syndrome" isteach i bhfoclóir leighis go dtí 1994, agus "néara-éagsúlacht" nó "speictream uathach" go dtí 1999.

Tá ráiteas ann a bhaineann leis an fhisic—nuair a chluineann baill den phobal i gcoitinne fá fhionnachtain nua, tá an t-eolas trí bhliain as dáta i measc saineolaithe. Is féidir an rud céanna a rá sa chás seo. Caithfidh muid smaointiú níos mó fán téarmaíocht a úsáidtear nuair a bíonn muid ag caint ar an mhíchumas go ginearálta, agus iarracht a dhéanamh teacht ar thuigbheáil níos leithne ar an uathachas. Is fíor go bhfuil tábhacht ollmhór le heolas leighis agus cóireála, ach caithfidh muid tuigbheáil níos oscailte a bheith againn i leith na néara-éagsúlachta agus gan í a fheiceáil mar chruatan.

Tá tús ar na hathruithe seo cheana, agus an ghlúin sin de dhaoine uathacha a tógadh sna 1990idí agus níos moille ag teacht chun cinn. Tá réimse de phearsana poiblí óga cosúil leis an fhear grinn Ian Lynam, an t-úrscéalaí Naoise Dolan agus an rapeolaí Craic Boi Mental, ag dul i ngleic leis an steiréitíopa agus feiceálacht á baint amach acu sa chomhrá poiblí.




• *James McClean*

Tá an fheiceálacht an-tábhachtach sa chás seo, cosúil le aon mhionlach. Smaointigh ar an tábhacht a bhaineann le ceoltóirí agus le haisteoirí aeracha don phobal LADIA+ thar na blianta. Tá sé tábhachtach ag daoine óga uathacha go bhfeicfidh siad daoine a théann in éadan steiréitíopála. Caithfidh muid a choinneáil i gcuimhne go bhfuil deacrachtaí móra ag daoine uathacha ó thaobh an chórais oideachais, na fostaíochta agus na meabhairshláinte. D'aimsigh staidéar amháin ó Ollscoil Nottingham in 2017 go ndearna 30% de dhaoine fásta uathacha iarracht iad féin a mharú ag pointe éigin sa saol, agus tá staideár eile ina bhfuarthas amach go bhfuil rátaí dífhostaíochta i bhfad níos airde i measc daoine uathacha ná an pobal i gcoitinne.

Bhí imní orm labhairt ar an ábhar ar feadh na blianta. Bhí mé iontach míchompordach agus imníoch go mbeadh tionchar aige ar an méid a shílfeadh daoine fúm. Ní rómhinic a chuala ná a léigh mé mórán ar an ábhar. Nuair a bhí mé níos sine, chuala mé téarmaíocht cosúil le "ar an speictream" in úsáid le cur síos ar dhaoine nuair a shíl daoine thart orthu go raibh siad beagán aisteach. D'fhan mise i mo thost nuair a chuala mé é. Ach tháinig misneach agus muinín chugam faoi dheireadh. Chonaic mé na hathruithe ó thaobh daoine uathacha ag caint go poiblí ar a dtaithí féin, agus é dá chur in áit lárnach i dtograí ealaíne agus ceoil. Ní háibhéil ar bith é a rá gur próiseas cumasaithe a bhí ann.

Is féidir na cosúlachtaí a fheiceáil idir cás daoine uathacha agus cás na nGael. Tá dul chun cinn teanga mhionlaithe ar bith bunaithe ar mhisneach a cainteoirí gabháil in éadan an mhórchoda, má tá siad le scoileanna a thoiseacht nó an teanga a choinneáil beo sa phobal. Tá misneach agus cumhachtú de dhíth sa dá chás leis na steiréitíopaí a bhréagnú. Is é an chosúlacht is mó idir cainteoirí teanga mionlaithe ar nós na Gaeilge agus daoine uathacha ná an méid atá de dhíth ón tromlach—tá athrú intinne de dhíth le teacht ar thuigbheáil níos cuidiúla atá sásta glacadh le héagsúlacht agus difríochtaí i gcúrsaí cumais, teanga agus gnéis, le go mbeidh siad in ann teacht i mbláth, ní amháin ag teacht i dtír.

# Blúiríní faoin Chealchultúr agus Éidreoir Nua-Liobrálach na hEite Clé

Clementine Morrigan

Níl contúirt ná bagairt ar bith san eite chlé le fada. // Déanann muid talamh slán de na buanna a bhí againn san am atá caite. // Caitheann muid ár gcuid ama go síoraí ag cáineadh a chéile, ag troid eadrainn féin agus ag cumadh níos mó agus níos mó rialacha a gcaithfidh muid go léir cloí go dílis leo. // Tá muid dúghafa le cúrsaí teanga, ionadaíocht agus buanna siombaileacha eile agus níl sé ar ár gcumas eagrú go héifeachtach le haghaidh buanna ábharacha. // Fógraíonn muid go bródúil nach n-oibreoidh muid leis an duine seo ná an duine siúd nó le grúpaí iomlána de dhaoine de bhrí “nár cheart go gcaithfeadh muid”. // Bíonn muid suarach mionchúiseach, coimhthíoch doicheallach agus scanrúil go díreach. Bagraíonn muid go scarfar an duine óna phobal agus bagraíonn muid go mbainfí de a sheasmhacht ábharach. Tugann muid orduithe do dhaoine agus diúltaíonn muid argóintí soiléire a chur i dtoll a chéile de bhrí “nár cheart go gcaithfeadh muid”. // Fhad is a bhaineann muid lán sult as glaineacht mhorálta ghrúpa inmheánach atá ag crapadh i rith an ama, tá an eite dheis ag eagrú go neamhbhuartha agus iad breá sásta fáilte a chur roimh na daoine sin uilig a caitheadh amach as an eite chlé. // Níl am ar bith againn don chacamas seo níos mó. Caithfimid eagrú, le gnáthdhaoine, le daoine nach n-aontaíonn muid leo faoi chuile rud, le daoine nach bhfuil a fhios acu rialacha chultúr an cheartais shóisialta, le daoine nach maith linn, ar mhaithe le buanna ábharacha a mbeidh tionchar dearfach acu ar ár saol uilig. // Dlúthpháirtíocht an tslí chun tosaigh. Caithfimid an troid inmheánach a chur i leataobh agus aghaidh a thabhairt ar a bhfuil ag tarlú thart orainn a fhad agus atá muid gnóthach ag troid a chéile. // Is bagairt gan réamhshampla ar an chine daonna an scrios aeráide agus timpeallachta agus an t-aon chaoi ar féidir linn aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo ná ollchumhacht na cosmhuintire a thógáil agus a bheith ag obair le chéile.

Scriostóireacht a thugtar ar an phróiseas ina n-úsáidtear an cealchultúr, féiniúlaíochas agus gearáin phearsanta leis an bhonn a bhaint de obair pholaitiúil eagraíochta. // Cé mhéad eagraíocht nó tionscnamh polaitiúil a chonaic tú réabtha i measc líomhaintí éagsúla? Cé mhéad obair pholaitiúil atá tábhachtach agus riachtanach a cuireadh amú leis an dráma seo? // Mar eite chlé caithfidh muid foghlaim cén chaoi diúltú don sciostóireacht agus a dúshlán a thabhairt. //

Deir daoine nach bhfuil a leithéid de rud ann agus cealchultúr de bhrí nach bhfuil duine ar bith cealaithe i ndáiríre. // Caithfear an cheist a chur, cad é a shíleann siad atá i gceist le bheith cealaithe i ndáiríre? // Má tá pobal agus obair go fóill ag duine deir muid nach bhfuil an té sin cealaithe i ndáiríre. // Is léir go gciallaíonn seo gurb í an bhrí atá le bheith cealaithe, mar is ceart, pobal agus obair a bhaint de dhuine. // Is léir an mírún atá sa mheon seo agus nochtann sé an íde ghránna atá fite fuaite le cealchultúr. // Má éiríonn le duine greim a choinneáil ar chuid dá gcuid oibre nó pobal ní hionann sin agus a rá nach bhfuil an duine sin cealaithe. // Is é atá i gceist sa chealú feachtas ciaptha a dhéantar ort féin agus ar do chuid cairde agus lucht tacaíochta. // Drochíde atá ann a bhfuil sé mar sprioc aici duine a imeallú agus acmhainní ábharacha a bhaint daofa go dtí go ngéilleann siad do mhianta an tslua. // Tá an ciapadh leanúnach seo, chomh maith le cailleadh do chuid cairde, pobal, agus amanta do phost, ar cheann de na rudaí is measa ar féidir le duine a fhulaingt.

Scríbhneoir feimineach sóisialach, oideachasóir, agus intleachteach poiblí í Clementine Morrigan atá lonnaithe i Montréal, Ceanada. Scríobhann sí aistí conspóideacha a bhfuil éileamh mór orthu faoi chultúr, faoin pholaitíocht, faoin ghnéasacht agus faoi thráma. Creideann sí go láidir i meáin chumarsáide atá neamhspleách agus tá sí ag déanamh zines, nó irisí neamhspleácha, ón bhliain 2000 i leith agus tá sí ina húdar ar go leor leabhar.






Aithnítear í ar na mion-aistí iomráiteacha ina bhfuil téacs bán ar chúlra dubh a fhoilsíonn sí ar Instagram. Tá Clementine ar dhuine de ghlórthaí ceannródaíocha eite chlé Cheanada agus is comhláithreoir í ar an phodchraoladh Fucking Cancelled. Labhraíonn Clementine go neamhbhalbh in éadan an chealchultúir [cancel culture] agus ar son dlúthpháirtíocht a thógáil i measc na héagsúlachta. Tugtar aistriúchán anseo ar chuid de na mion-aistí seo léi.

B’fhearr liom daoine a fheiceáil ag eagrú go bacach ná gan iad a bheith ag eagrú ar chor ar bith. // Obair chrua gan phá atá san eagrú polaitiúil, obair a dhéanann daoine le cois na bhfeagrachtaí go léir atá acu ina saol cheana féin. // Fágann an mionscrúdú agus an cáineadh síoraí a dhéantar ar eagraithe go mbíonn an obair a dhéanann siad mar a bheadh sé gan bhuíochas, gan mhaith agus thar a bheith strusmhar. // Má shíleann tú gur féidir le heagraí éigin rud éigin a dhéanamh níos fearr, ofráil cabhair, gan bhrú, gan bhagairt, faoi chroí mór maith. // Caithfimid stad de bheith ag déanamh éileamh ar eagraithe atá ina ngnáthdhaoine go díreach agus atá ag déanamh na hoibre seo gan phá. // Má eagraíonn muid, más bacach féin é, is féidir linn cumhacht a thógáil le fíor-éilimh a dhéanamh ar na daoine atá anuas orainn dáiríre: billiúnaithe, corparáidí agus rialtais.

Má shíleann muid go bhfuil daoine eile den lucht oibre, atá difriúil linn féin, ina naimhde, ní féidir linn buachan choíche. // Má ionsaíonn muid, má chiontaíonn muid agus má éiríonn muid feargach nuair nach mbíonn an bharúil chéanna ag daoine linn, ní féidir linn buachan. // Má éisteann muid lena chéile agus gan ar ár n-aird ach deis chainte a fháil dúinn féin, ní féidir linn buachan. // Má ghlacann muid leis gur muidne na múinteoirí agus muna bhfeiceann muid freisin go gcaithfimid féin foghlaim, ní féidir linn buachan. // Má cheapann muid go gcaithfidh daoine eile smaoineamh go díreach mar a smaoiníonn muid féin in áit teacht ar bhealaí inar féidir linn riar ar chás gach duine agus ár n-éagsúlacht a choinneáil ag an am céanna, ní féidir linn buachan. // Má chaitheann muid ár gcuid ama ar fad ag troid agus ag cáineadh a chéile, ní bhuafaidh muid choíche.







Sonraí Teagmhála MISNEACH:

eolas@misneachabu.ie
www.misneachabu.ie

